



Comhairle Contae Chorcaí  
Cork County Council

# **STRAITÉIS AOISBHÁ CHONTAE CHORCAÍ 2024 – 2028**



Aoisbhá

**CHONTAE CHORCAÍ**

# STRAITÉIS AOISBHÁ CHONTAE CHORCAÍ 2024 - 2028

---

## Clár Ábhair

- Focail fáilte ó Mhéara Chontae Chorcaí
- Brollach PF do Straitéis Chontae Chorcaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Focail fáilte ó Chathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí
- Focail fáilte ó Chathaoirleach na Comhairle do Dhaoine Scothaosta
- Cuid 1: Réamhrá 6
- Cuid 2: An Clár Náisiúnta do Chathracha agus do Chontaetha Aoisbhácha 9
- Cuid 3: Comhthéacs an Bheartais Náisiúnta 12
- Cuid 4: Eolas Déimeagrafach 17
- Cuid 5: Modheolaíocht Aoisbhá Chontae Chorcaí 21
- Cuid 6: Fís, Spriocanna & Luachanna 23
- Cuid 7: Éachtaí maidir le Straitéis 2016 – 2021 24
- Cuid 8: Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí 2024 – 2028 25
- Cuid 9: Aguisíní 45

## Fáilte ó Mhéara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Joe Carroll

---

Tá bród orm mar Mhéara Chontae Chorcaí, go bhfuil Corcaigh mar chuid den tionscnamh seo de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun Contae Aoibhá a chruthú.

Mar a thugtar le fios sa tuarascáil seo, tugadh faoi go leor tionscnamh agus forbairtí tairbheacha ar fud an chontae, rud a d'fhág go bhfuil caighdeán saoil níos fearr ag ár saoránaigh scothaosta. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Chomhaontas Aoibhá Chontae Chorcaí agus Chomhairle Daoine Scothaosta Chontae Chorcaí, ar a bhfuil bainte amach acu go dtí seo agus ar a n-ionchur i bhforbairt agus i seachadadh na straitéise uaillmhianaí seo don tréimhse 2024 go 2028.



Is ar bhonn thaithí ár gcónaitheoirí scothaosta atá Contae Chorcaí bunaithe. Is mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí, de bharr a rannpháirtíochta sa phobal agus ag tabhairt faoi obair dheonach, ag obair agus a bheith ina mbaill ghníomhacha dár bpobal gnó, agus is sin bun agus barr an chúis gur áit mhaith le cónaí í Corcaigh. Léirítear ról agus taithí na ndaoine scothaosta go hiomlán in obair an Chláir Aoibhá. I bhfianaise méadú ar líon na ndaoine scothaosta sa daonra, tá an obair seo níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na seirbhísí riachtanacha ann dár ndaoine scothaosta. Is ionann Contae Aoibhá agus áit inar féidir le níos mó daoine scothaosta fanacht ina dtithe féin agus ina bpobail féin, saol sláintiúil agus gníomhach a chaitheamh, dul cibé áit ar mian leo agus a bheith ina rannpháirtithe luachmhara ina bpobail.

Mar Mhéara, le chéile le baill Chomhairle Contae Chorcaí, tacaím go hiomlán leis an gclár Aoibhá agus tá mé ag dúil leis an tionchar dearfach a bheidh ag an obair seo ar chaighdeán maireachtála ár saoránach go léir.

Comhairleoir Joe Carroll

---

Méara Chontae Chorcaí

## Brollach PF do Straitéis Chontae Chorcaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2024 – 2028

Is mór an phribhléid dom Straitéis Chontae Chorcaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2024 – 2028 a chur i láthair, plean cuimsitheach a léiríonn ár dtiomantas domhain chun saol daoine breacaosta ar fud an chontae a fheabhsú. Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta againn chun timpeallacht níos cuimsithí agus níos tacúla a thógáil dár saoránaigh go léir. Léiríonn an straitéis seo an chéad chaibidil eile inár n-iarrachtaí leanúnacha chun Contae Chorcaí a dhéanamh mar áit inar féidir le daoine de gach aois, go háirithe ár gcónaitheoirí níos sine, a bheith rathúil.

Tá athrú déimeagrafach suntasach ag teacht ar Éirinn, agus líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine ag fás ag ráta gan fasach. Faoi 2040, meastar go mbeidh os cionn 20% den daonra os cionn 65 bliain d'aois. Ní haon eisceacht é Contae Chorcaí lena bhailte bríomhara, a phobail tuaithe agus cósta. Aithnímid na deiseanna agus na dúshlán uathúla a thagann leis an athrú déimeagrafach seo, agus forbraíodh an Straitéis seo a Thacaíonn le Daoine Breacaosta chun aghaidh a thabhairt ar na fírinní seo go díreach.



Chuimsigh forbairt na straitéise seo comhairliúchán fairsing le daoine breacaosta, grúpaí pobail, soláthraithe seirbhíse, agus príomhpháirtithe leasmhara. Bhí a gcuid léargas agus a n-aiseolas thar a bheith luachmhar maidir le plean a mhúnlú atá bunaithe ar fhíoreispéiris agus ar riachtanais daoine fásta níos sine. Díríonn an straitéis ar roinnt príomhréimsí: tithíocht, iompar, seirbhísí sláinte, cuimsiú sóisialta agus sábháilteacht. Tá sé mar aidhm aici timpeallacht a chothú a thacaíonn le haosú gníomhach, sláintiúil agus a thugann aghaidh ar bhacainní a d'fhéadfadh teorainn a chur le rannpháirtíocht i saol an phobail.

Ní doiciméad amháin é seo; is treochlár é don todhchaí. Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta an straitéis seo a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an gComhaontas Aoisbhá, gníomhaireachtaí stáit agus pobail áitiúla. Oibreoimid le chéile lena chinntiú go leanann Contae Chorcaí de bheith ina áit iontach le dul in aois – áit a bhfuil seirbhísí inrochtana, pobail nasctha, agus a mothaíonn daoine breacaosta go bhfuil luach agus cumhacht acu.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh le forbairt na straitéise, go háirithe ár gcónaitheoirí níos sine, a bhfuil a gcuid guthanna agus taithí ag croílár na hoibre. Le chéile is féidir linn contae a chruthú atá fíor-chairdiúil le daoine breacaosta, ag cinntiú gur áit é Contae Chorcaí inar féidir le daoine de gach aois sult a bhaint as ardchaighdeán beatha.

Moira Murrell

---

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí

## Fáilte ó Patricia Liddy, Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí

---

Mar Chathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí, cuirim fáilte roimh an fhorbairt agus aithním an tábhacht a bhaineann leis an Straitéis Aoisbhá dár gContae.

Tugann staitisticí le fios dúinn go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine scothaosta ar fud an domhain, treocht atá le leanúint ar aghaidh. Tá an t-athrú déimeagrafach seo in Éirinn agus i gContae Chorcaí le ceiliúradh agus ní mór dúinn pleanáil chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na seirbhísí riachtanacha ag ár ndaoine scothaosta chun freastal ar a gcuid riachtanas atá ag dul i méid, chun a bhfolláine agus a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú de réir mar a théann siad in aois ina n-áit chónaithe féin.



Tá Clár Aoisbhá Chontae Chorcaí ag feidhmiú le roinnt blianta agus tá sé ag dul ó neart go neart. Léirigh an straitéis a bhí againn roimhe seo cé chomh maith agus is féidir linn a bheith ag obair le chéile lenár gcomhpháirtithe thart ar thábla an Chomhaontais Aoisbhá. Bhí sé seo le feiceáil go háirithe le linn phaindéim Covid-19, nuair a tharraing ár gcomhpháirtithe le chéile, trí phróiseas an Ghlaio Phobail, chun seirbhís gan stad a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha inár bpobail. Chuir comhairliúchán forleathan leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eolas ar na riachtanais tosaíochta agus mhúnlaigh sé na gníomhartha atá le seachadadh chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Tá an straitéis seo mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin mionsonraithe a thug ár gcónaitheoirí scothaosta agus na príomhsholáthróirí seirbhíse le chéile chun a aithint conas is féidir linn áit iontach chun cónaí, chun obair, chun taitneamh a bhaint as an saol go hiomlán agus chun dul in aois a dhéanamh de Chontae Chorcaí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí agus leis an gComhairle do Dhaoine Scothaosta agus iad a mholadh go hard na spéire. Chruthaigh do rannpháirtíocht ghníomhach agus d'obair chrua i seachadadh straitéis 2024-2028 plean struchtúrtha eolasach chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta i gContae Chorcaí.

Patricia Liddy

---

Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí

## Focail fáilte ó Chathaoirleach na Comhairle do Dhaoine Scothaosta

---

Mar Chathaoirleach Chomhairle Daoine Scothaosta Chontae Chorcaí, tá lúcháir orm a bheith páirteach sa Straitéis Aoisbhá nua seo.

Tá straitéisí na gclár Aoisbhá bunaithe ar thuairimí agus ar riachtanais na ndaoine scothaosta. Tá Comhairle Daoine Scothaosta Chontae Chorcaí, ag tnúth le bheith ag obair leis na gníomhaireachtaí éagsúla chun tacú le cur i bhfeidhm straitéis nua 2024-2028. Táimid ag brath ar dhaoine scothaosta don phróiseas - tá a nguth ag croílár an dearaidh Aoisbhá i ngach sráidbhaile, baile agus cathair i gContae Chorcaí. Is iontach an rud é nádúr comhoibríoch na ngealltanais a thug an réimse de pháirtithe leasmhara a bhí páirteach sna straitéisí éagsúla a cuireadh le chéile go dtí seo a fheiceáil. Cinnteoidh Comhairle Daoine Scothaosta Chontae Chorcaí go mbeidh meas ar dhaoine scothaosta agus go n-éistfear leo. Má bhíonn ról againn go léir i ndearcthaí a chuir ina gceart agus idirghníomhaíochtaí níos fearr a éascú idir na glúnta, is féidir linn sochaí níos aontaithe a chruthú do dhaoine de gach aois.



Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill i gComhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí agus leis na Comhairle do Daoine Scothaosta ar fud an Chontae as a n-ionchur maidir leis an straitéis seo agus an plean seo a ullmhú.

Liz Downes

---

Cathaoirleach Chomhairle Daoine Scothaosta



## 1.0 Réamhrá

Is creatphlean í Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí chun áit iontach maireachtála agus chun dul in aois ann a dhéanamh de Chontae Chorcaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis struchtúr a sholáthar do chomhoibriú idirghníomhaireachta atá riachtanach chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine scothaosta sa Chontae, mar aon le tacaíocht do dhaoine scothaosta tríd an gComhairle do Dhaoine Scothaosta, Contae Chorcaí, trí na hearnálacha reachtúla, pobail, deonacha agus príobháideacha.

Táimid ag dul i dtaithí ar athrú mór leanúnach déimeagrafach in Éirinn agus i gContae Chorcaí. Tá daoine sa chontae ag maireachtáil níos faide agus tá an t-ardú fad saoil seo le ceiliúradh. Tá an t-athrú déimeagrafach seo mar gheall ar raon gnéithe, lena n-áirítear aiste bia feabhsaithe, cúram sláinte níos fearr, dul chun cinn leighis agus teicneolaíochta. Tá athrú mór ag tarlú i dtaca leis an gcaoi a dtuigimid maidir le daoine ag dul in aois agus na ról gur féidir leis an duine scothaosta a ghlacadh. Cruthaíonn an daonra atá ag dul in aois deiseanna iontacha chomh maith le dúshlán mhóra a éilíonn freagairt tras-earnála má tá sé ar intinn againn áit tharraingteach agus shábháilte chun dul in aois ann a dhéanamh de Chontae Chorcaí.

Mar thoradh ar athruithe ar theorainneacha na cathrach in 2018 ní raibh sé indéanta tuairimí a fháil ar athruithe daonra ná treochtaí idir tréimhsí daonáirimh 2016 agus 2022. Mar sin féin, is féidir glacadh leis go réasúnta go bhfuil na treochtaí daonra i gContae Chorcaí cosúil le treochtaí an stáit. Ba í meánaois dhaonra Chorcaí i mí Aibreáin 2022 ná 39.1 bliain, i gcomparáid le 37.5 bliain i mí Aibreáin 2016. Go náisiúnta, ba í meánaois an daonra ná 38.8 in 2022, suas ó 37.4 i mí Aibreáin 2016. Táthar ag súil go leanfaidh céatadán na ndaoine scothaosta i gcoibhneas leis an daonra in aois oibre ag fás le linn shaolré an phlean\*. Ceaptar go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine scothaosta os cionn 65 bliain d'aois ó 45,800 (2016) go 72,822 (2031) agus 93,212 (2041).

\*Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022, imleabhar 1, alt 2.4.2

Chuir Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí agus an Chomhairle Daoine Scothaosta Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí le chéile. Bhí ionchur mór ag daoine scothaosta i gContae Chorcaí ar an gcaoi a bhforbróidh agus a bhfreagróidh an contae do na deiseanna atá ann agus na dúshláin a thagann le daonra atá ag dul in aois, agus páirt ghníomhach acu san obair ar an straitéis agus á comhordú. Is í an aidhm ná a chinntiú, agus tionscnaimh idir láimhe sa chúig bliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin, go gcuirtear ar chumas dhaoine scothaosta i gContae Chorcaí saolta gníomhacha agus sláintiúla a chaitheamh, rud a thabharfaidh deis do Chontae Chorcaí freagairt don dúshlán a thagann le daonra atá ag dul in aois.





**Grúpa Fócais - Baile na Martra**

Léiríonn Cuid 1.0 an réasúnaíocht taobh thiar de Straitéis Aoisbhá do Chontae Chorcaí a fhorbairt. Léiríonn Cuid 2.0 an Clár Náisiúnta Aoisbhá, agus leagann Cuid 3.0 comhthéacs an bheartais náisiúnta amach. Tugann Cuid 4.0 forbhreathnú ar phríomhdhéimeagrafaic. Cuirtear an mhodheolaíocht don phróiseas comhairliúcháin i láthair i gCuid 5. Cuireann Cuid 6 in iúl fíis, cuspóirí agus luachanna atá mar bhonn is mar thaca ag an straitéis. Déantar achoimre ar éachtaí na straitéise roimhe seo i gCuid 7. Cuirtear na téamaí straitéiseacha i láthair i gCuid 8, agus tá na hAguisíní le fáil i gCuid 9.



## An Comhaontas Aoisbhá & An Chomhairle do Dhaoine Scothaosta

Bunaíodh Comhaontas Aoisbhá i ngach limistéar údaráis áitiúil, agus bhí baint ag cinnteoirí sinsearach ó eagraíochtaí poiblí, tráchtála agus neamhbhrabúis leis seo. Pleanálann na Comhaontais Aoisbhá straitéisí agus cuireann siad i bhfeidhm iad, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i ngach contae. Tá na mílte céimeanna praiticiúla glactha ag an leibhéal áitiúil faoi threoir na gComhaontas seo.

Is grúpa trasearnála ardleibhéil é seo, faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil (nó cathaoirleach neamhspleách). Cruthaíonn ballghníomhaireachtaí an Chomhaontais Aoisbhá comhpháirtíocht straitéiseach chun forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar réadú Straitéis Aoisbhá na Cathrach nó an Chontae. I measc na mball tá an t-údarás áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Bord Oideachais agus Oiliúna, An Garda Síochána, an Comhlachas Tráchtála, an earnáil oideachais tríú leibhéal, páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear rannpháirtíocht ball tofa a dhéanann ionadaíocht ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha.

### An Chomhairle Daoine Scothaosta:

Is grúpa ionadaíoch do dhaoine scothaosta é seo a bhunaigh údaráis áitiúla mar chuid d'fhorbairt an chláir áitiúil Aoisbhá. Aithníonn an grúpa daoine scothaosta réimsí tosaíochta riachtanas, ardaíonn siad saincheisteanna tábhachtacha agus cuireann siad eolas ar an bpróiseas cinnteoireachta agus bíonn tionchar acu ar an gclár áitiúil Aoisbhá. Glacann ionadaithe na gComhairlí Daoine Scothaosta páirt, in éineacht le hionadaithe ó na ballghníomhaireachtaí ábhartha, sa Chomhaontas Aoisbhá áitiúil.

Is é príomhról na gComhairlí Daoine Scothaosta ná:

- o Bheith mar ghuth na ndaoine scothaosta chun tacú leis an gComhaontas ag leibhéal straitéiseach maidir le seachadadh a chuid gníomhaíochtaí.
- o Comhoibriú ar réitigh le chéile mar fhreagairt ar chonstaicí agus ar dhúshláin.
- o Saincheisteanna beartais náisiúnta a nochtadh tríd an tSeirbhís Chomhroinnte Aoisbhá.

Treoirlínte na Comhairle Daoine Scothaosta, Aoisbhá Éireann

Féach na hagusíní le haghaidh liosta na mball.



Grúpa fócais, Sráid an Mhuilinn

## 2.0 An Clár Náisiúnta do Chathracha agus do Chontaetha Aoisbháúla

---

### 2.1 Cleamhnacht Líonra na hEagraíochta Sláinte Domhanda

Is í Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an fórsa tiomána atá taobh thiar den ghluaiseacht domhanda i gcomhar tacaíocht do dhaoine scothaosta. Cuireann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) síos ar phobal “aoisbháúil” mar phobal ina bhfuil gach páirtí leasmhar cinnte maidir le:

- hÉagsúlacht i measc daoine scothaosta a aithint.
- hlonchuimsiú na ndaoine scothaosta a chur chun cinn.
- Meas a bheith aige ar a n-ionchur ar shaol an phobail.
- Meas a bheith aige ar a gcinntí.
- Bheith airdeallach maidir le riachtanais a bhaineann le haois agus freagairt dóibh go solúbtha.

Bunaíodh Líonra Domhanda na EDS um Chathracha agus um Chontaetha Aoisbháúla (GNAFCC) chun malartú taithí agus comhfhoghlaim a chothú idir cathracha agus pobail ar fud an domhain. Tá fáilte roimh aon chathair nó pobal atá tiomanta do thimpeallachtaí uirbeacha uilechuimsitheacha agus inrochtana a chruthú ar mhaithe lena ndaonra atá ag dul in aois a bheith páirteach ann.

Tá cathracha agus pobail sa Líonra de mhéideanna éagsúla agus tá siad lonnaithe in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Tá a gcuid iarrachtaí le bheith níos aoisbháúla ar siúl laistigh de chomhthéacsanna cultúrtha agus socheacnamaíocha atá an-éagsúil. Is é an rud atá i gcoiteann ag gach ball den Líonra ná an fonn agus an tiomantas chun timpeallachtaí uirbeacha fisiceacha agus sóisialta a chruthú a chothaíonn ag dul in aois atá sláintiúil agus gníomhach agus a chuireann cáilíocht mhaith beatha chun cinn dá gcónaitheoirí scothaosta.

Tá Cathracha agus Contaetha Aoisbháúla Éireann cleangailte leis an ngluaiseacht dhomhanda seo a chuireann ar a gcumas do dhaoine scothaosta fanacht ina mbaill gníomhacha a bhfuil meas orthu ina bpobail ar gach mór-roinn. Áirítear le torthaí an chláir dhomhanda seo ag dul in aois atá dearfach, cathracha agus contaetha níos fearr, rialtas áitiúil níos ábhartha agus níos éifeachtaí, seachadadh seirbhísí agus deiseanna gnó.

Baineadh úsáid as na téamaí a bhunaigh an EDS mar bhonn chun dul i gcomhairle le daoine scothaosta agus chun Straitéisí Aoisbháúla agus gníomhartha Aoisbháúla a fhorbairt go náisiúnta. D’fhorbair an EDS na hocht dtéama seo a leanas don Chlár Cathracha agus Contaetha Aoisbháúla, agus tá siad ar fáil ag [www.agefriendlyireland.ie](http://www.agefriendlyireland.ie):

1. Spásanna Lasmuigh agus Foirgnimh
2. Iompar
3. Tithíocht
4. Rannpháirtíocht Shóisialta
5. Meas agus lonchuimsiú Sóisialta
6. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht
7. Cumarsáid agus Eolas
8. Tacaíocht Phobail agus Seirbhísí Sláinte.

Chomh maith leis sin, tá oileáin Chontae Chorcaí ina bhfuil daoine ina gcónaí iontu, san áireamh ag Comhaontas Chontae Chorcaí, mar théama faoi leith chun críocha na straitéise seo.

## 2.2 Aoisbhá Éireann

Feidhmíonn gach Clár Aoisbhá leis an struchtúr céanna atá ag brath ar Chomhairle ghníomhach do Dhaoine Scothaosta, Comhaontas Aoisbhá, Bainisteoir Cláir um Aoisbhá, Comhairleoir Teicniúil Tithíochta Aoisbhá agus grúpa idir-rannach laistigh den údarás áitiúil.

Is grúpa trasearnála ardleibhéil é an Comhaontas Aoisbhá áitiúil, faoi chathaoirleacht Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil (nó cathaoirleach neamhspleách). Tá ballghníomhaireachtaí an Chomhaontais Aoisbhá áitiúil mar chomhpháirtíocht straitéiseach chun an Straitéis Aoisbhá a fhorbairt agus a mhaoirsiú. I measc na mball tá an t-údarás áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Bord Oideachais agus Oiliúna, An Garda Síochána, an Comhlachas Tráchtála, an earnáil oideachais tríú leibhéal, páirtithe leasmhara ábhartha eile lena n-áirítear, ó am go chéile, rannpháirtíocht ball tofa a dhéanann ionadaíocht ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha.

Is grúpa ionadaíoch í an Chomhairle Daoine Scothaosta, bunaithe ag an údarás áitiúil mar chuid den Chlár Aoisbhá áitiúil. Is struchtúr dhá leibhéal í an Chomhairle Daoine Scothaosta le Coiste Feidhmiúcháin tofa agus bonn leathan ballraíochta. Aithníonn Comhairlí Daoine Scothaosta, na réimsí tosaíochta riachtanais, cuireann siad ceisteanna tábhachtacha, imríonn siad tionchar ar phróiseas cinnteoireachta an Chláir Aoisbhá áitiúil, agus glacann siad páirt freisin i struchtúir ag leibhéal náisiúnta. Is é príomhchuspóir na Comhairle Daoine Scothaosta, ná fíorghuth na ndaoine scothaosta a chur chun tosaigh, guth a léiríonn an éagsúlacht atá ann sa daonra atá ag dul in aois. Is príomhchomhoibrithe iad ionadaithe agus páirtithe leasmhara na gComhairlí Daoine Scothaosta a chomhoibríonn le chéile ar ghníomhartha agus ar chuspóirí an Chláir Aoisbhá áitiúil.

### An tSeirbhís Chomhroinnte Náisiúnta.

Is seirbhís chomhroinnte an rialtais áitiúil a óstálann Comhairle Contae na Mí é Aoisbhá Éireann. Bainistíonn na seirbhísí comhroinnte an Clár Aoisbhá náisiúnta, atá comhcheangailte le Líonra Cathracha agus Pobail Aoisbhácha na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Feidhmítear an clár náisiúnta trí chreat foireann bhunaithe de 31 Clár Aoisbhá áitiúil a óstáiltear sa rialtas áitiúil.

Tacaíonn an tSeirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Náisiúnta le cathracha, contaetha, sráidbhailte agus pobail tuaithe ar fud na hÉireann chun dul i ngleic lenár ndaonra atá ag dul in aois go tapa, trí aird mhéadaithe a thabhairt ar na gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar fholláine daoine scothaosta.


Soláthraíonn na Cláir Aoisbhá sráideanna insiúlta, roghanna tithíochta agus iompair, rochtain ar phríomhsheirbhísí agus deiseanna do dhaoine scothaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail. Trí seo a dhéanamh, is féidir leis na pobail seo forbairt chun bheith ina n-áiteanna iontacha, agus fiú chun bheith mar bhaile ar feadh an tsaoil, do dhaoine de gach aois.

Tá na Cláir Aoisbhá bunaithe ar dhearcadh dearfach maidir le dul in aois, agus féachann sé le saol daoine scothaosta a fheabhsú ar fud na tíre trí ghuth a thabhairt dóibh sna próisis chinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar a gcumas chun saol iomlán agus gníomhach a chaitheamh. Díríonn na tionscnaimh ar réimsí amhail tithíocht, iompar, cúram, rannpháirtíocht pobail, obair dheonach, ionchuimsiú sóisialta agus dul i ngleic le huaigheas i measc daoine scothaosta.

Féach an léaráid struchtúir thíos.

## Struchtúr Sheirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann:

### Struchtúir agus Rialachas



# 13\_eathanach

Cuirtear síos ar an Straitéis um Aosú Dearfach mar an treoirphlean uileghabhálach do bheartas agus seachadadh seirbhíse a bhaineann le haois ar fud an Rialtais agus na sochaí sna blianta amach romhainn. Cuireann sé creat ar fáil chun rannpháirtíocht níos fearr a éascú chun saincheisteanna a éilíonn comhoibriú i measc roinnt Ranna Rialtais a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar an gcéad dul síos. Tá ról lárnach ag an Earnáil Phobail agus Dheonach, mar sholáthraí seirbhíse agus mar ionadaí araon, i gcur i bhfeidhm na Straitéise, i bhfianaise a taithí agus a tiomantas chun oibriú le daoine scothaosta.

Forbraíodh ceithre sprioc náisiúnta chun dul i ngleic le gnéithe lárnacha saolta na ndaoine scothaosta:

| <b>Sprioc Náisiúnta 1</b>                                                                                                                                                                                                                                                       |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Constaicí ar rannpháirtíocht a bhaint agus tuilleadh deiseanna a sholáthar do rannpháirtíocht leanúnach daoine de réir mar a théann siad in aois i ngach gné den saol cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta ina bpobail de réir a gcuid riachtanas, roghanna agus inniúlachtaí. |
| <b>Sprioc Náisiúnta 2</b>                                                                                                                                                                                                                                                       |
| Tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus iad ag dul in aois chun a sláinte choirp agus intinne agus a bhfolláine a chothabháil, a fheabhsú agus a bhainistiú.                                                                                                                      |
| <b>Sprioc Náisiúnta 3</b>                                                                                                                                                                                                                                                       |
| Daoine a chumasú chun dul in aois le muinín, seasmhacht agus dínit ina mbailte féin agus ina bpobail féin a fhad agus is féidir.                                                                                                                                                |
| <b>Sprioc Náisiúnta 4</b>                                                                                                                                                                                                                                                       |
| Tacaíocht agus úsáid a bhaint as taighde faoi dhaoine de réir mar a théann siad in aois chun eolas níos fearr a thabhairt do fhreagraí beartais ar dhaonra ag dul in aois in Éirinn.                                                                                            |

### 3.2 An Creat Náisiúnta Pleanála, Tionscadal Éireann 2040.

*‘Agus saolta níos faide á gcaitheamh ag daoine, beidh siad ag iarraidh a bheith sláintiúil agus neamhspleách, agus a bheith ina gcónaí ina dtithe agus ina bpobail féin’.*

Is doiciméad náisiúnta é seo a threoraíonn pleanáil agus forbairt straitéiseach ardleibhéil d’Éirinn thar an scór bliain atá romhainn, ionas go mbeidh an fás, de réir mar a théann an daonra i méid, inbhuanaithe ó thaobh téarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de.

I bpleanáil do Phobail Aoisbháúla, luann an doiciméad de réir mar a mhairfidh níos mó daoine níos faide, go mbeidh siad ag iarraidh fanacht sláintiúil agus neamhspleách, maireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin agus an úsáid is lú agus is féidir a bhaint as seirbhísí ospidéal d’othair chónaithe agus sheachtracha. Ina theannta sin, is é beartas an rialtais ná *tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta chun maireachtáil le dínit agus le neamhspleáchas ina dtithe agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir.*

Leagann an beartas seo béim ar an ngá atá le roghanna tithíochta cuí bunaithe ar dhearadh uilíoch le tacaíochtaí cuí do dhaoine scothaosta ionas gur féidir leo dul in aois le muinín agus saol níos gníomhaí, níos folláine agus lán caidrimh a bheith acu.

3.3 Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann, Beartas Forbartha Tuaithe, Rialtas na hÉireann, 2021-2025

Is creat Rialtais na hÉireann é Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann le tabhairt faoi théarnamh iar-COVID agus forbairt na tuaithe in Éirinn suas go dtí 2025. Léiríonn príomhaidhmeanna an chreata go leor de na saincheistanna a d’ardaigh daoine scothaosta sa phróiseas comhairliúcháin chun Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí a ullmhú. Is croíbheartas é athnuachan a dhéanamh ar lár Bailte agus Sráidbhailte agus áirítear leis, mar shampla: maireachtáil i mbailte a spreagadh, spásanna lasmuigh a oiriúnú do dhaoine bualadh le chéile agus d’imeachtaí cultúrtha agus infheistíocht a dhéanamh i bpáirceanna agus i spásanna glasa. Is téama tosaíochta é seo in aiseolas ó dhaoine scothaosta ar mian leo a bheith i mbun a gcuid cúraimí go compordach agus go sábháilte agus bualadh le daoine i lár a mbaile nó sráidbhaile áitiúil féin. Tá sé beartaithe ag an gcreat freisin níos mó úsáide a bhaint as áitribh fholmha agus áitribh nach mbaintear go leor úsáide astu chun críocha pobail. Is gné rithabhachtach í an oifig phoist áitiúil le fada an lá ó thaobh seirbhísí a mbaineann daoine scothaosta úsáid astu a sholáthar, agus faoin gcreat Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann, tá sé beartaithe ag an rialtas seirbhísí breise a sholáthar trí Lónra Oifig an Phoist. Bhí iompar tuaithe le sonrú go láidir le linn an phróisis chomhairliúcháin agus mar chuid de phlean an rialtais gheobhaidh iompar tuaithe, lena n-áirítear Nasc Áitiúil, maoiniú suntasach breise chun seirbhísí iompair tuaithe a leathnú agus a fheabhsú. Áireofar leis sin inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. I measc na n-aidhmeanna eile laistigh den chreat a bhaineann go díreach leis na saincheistanna a d’aithin daoine scothaosta i gContae Chorcaí, tá Litearthacht Dhigiteach d’Aosaigh, Beartas Forbartha na nOileán agus Aistriú Cóir chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

3.4 Seirbhísí Poiblí Níos Fearr. Straitéis chlaochlaithe chun freastal ar an bpobal agus muinín a chothú.

Ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú GTI, Rialtas na hÉireann, Bealtaine 2023. Is é príomhchuspóir na straitéise seo ná tacú le Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí agus le fostaithe sa tseirbhís phoiblí chun dul i ngleic le dúshláin reatha agus dúshláin amach anseo agus feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí ar fáil agus ar an gcaoi a gcuirtear feidhmeanna i gcrích.

| Tá an straitéis bunaithe ar thrí théama lárnacha:                                                                                                                                                              | Tá an straitéis dírithe ar sé mhóorthoradh:                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <div>1. Digiteach agus Nuálaíocht ar Scála.</div> <div>2. Lucht Saothair agus Eagrú don Todhchaí.</div> <div>3. Beartas agus seirbhísí atá bunaithe ar fhianaise deartha don phobal agus leis an bpobal.</div> | <div>1. Méadú ar shástacht custaiméirí.</div> <div>2. Méadú ar mhuinín an phobail.</div> <div>3. Úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun gnó a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí.</div> <div>4. Níos mó rannpháirtíocht fostaithe.</div> <div>5. Cáilíocht fheabhsaithe sna seirbhísí poiblí.</div> <div>6. Éifeachtacht níos fearr ón Rialtas.</div> |

Is í an téama lárnach atá ag Digiteach agus Nuálaíocht ar Scála an téama is mó a bhaineann go díreach leis an Straitéis Aoisbhá. Is í an phríomhthosaíocht sa straitéis ná leibhéal níos airde de sheirbhísí nuálacha agus éifeachtacha a sholáthar ar líne, agus mar is léir ón gcomhairliúchán le daoine scothaosta, tá conspóid mhór ag baint leis an gceist. De réir an aiseolais a fuarthas, tá deacrachtaí suntasacha ag roinnt daoine scothaosta agus ní bhíonn siad in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne ar chor ar bith. Aithnítear an méid sin sa straitéis um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr ach ní dhéantar cur síos ar an gcaoi a bhfreastalóidh sí ar chustaiméirí seirbhísí poiblí neamhdhigiteacha. Déantar tagairt inti, áfach, do *Threochlár um Ionchuimsiú Digiteach* de chuid an rialtais.



### 3.5 Digiteach ar son na Maitheasa: Treochlár um Ionchuimsiú Digiteach na hÉireann, Rialtas na hÉireann, Iúil 2023

*‘Braitheann leas daoine scothaosta ar a bheith ábalta a gcuid saoránachta a fheidhmiú gan teorainneacha’*

“Fainic an Bhearna Dhigiteach Liath”:

Anailís ar Bheartais Phoiblí Dhigiteacha i bhFianaise an Stáit Leasa (An tSualainn agus an Ghréig)  
Alexopoulou, Sofia, Örebro University, Scoil na nDaonnachtaí, Oideachas agus Eolaíochtaí Sóisialta.

Is é sprioc na straitéise seo ná Éire a chur ar cheann de na Stáit is ionchuimsithí san AE ó thaobh cúrsaí digiteacha de, agus go mbeidh an deis ag gach duine úsáid a bhaint as seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear seirbhísí poiblí digiteacha, ar bhealach fiúntach. Tá seo ag teacht le prionsabal na Náisiún Aontaithe, “Gan Aon Duine a Fhágáil Ar Lár”.

Aithníonn an straitéis, i sochaí atá ag éirí níos digití, go bhfuil an baol ann go mbraithfidh iad siúd nach bhfuil in ann úsáid a bhaint as deiseanna digiteacha, ar chúis ar bith, nach cuid den phobal iad. Tá sí leagtha amach i gcomhthéacs bheartas ionchuimsithe sóisialta an rialtais – ionchuimsiú sóisialta na ndaoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, agus tá ionchuimsiú digiteach ina ghné thábhachtach den ionchuimsiú sóisialta. Aithníonn sí go bhfuil grúpaí ann go fóill nach bhfuil mórán taithí acu ar theicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe iad siúd atá níos sine. Chomh maith leis sin, aithníonn sí cé go n-aithnítear go bhfuil lucht saothair ardoilte in Éirinn, go bhfuil a lán daoine ann a bhfuil *“easpa scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta, cumarsáide agus digiteacha acu chun tascanna riachtanacha laethúla a dhéanamh”*. Ina theannta sin, tá an litearthacht dhigiteach mar chuid chriticiúil de litearthacht ghinearálta.

Leagtar béim ar dhúshlán an eisimh digitigh in *Creat Folláine* Rialtas na hÉireann, Compás Digiteach 2030 an AE: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach, agus Dearbhú an ECFE maidir le Todhchaí Dhigiteach Iontaofa, Inbhuanaithe agus Uilechuimsitheach. Chomh maith leis sin, aithnítear i gClár Oibre na Náisiún Aontaithe (NA) 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe go bhfuil an prionsabal “Gan Aon Duine a Fhágáil Ar Lár” mar cheann dá dtreoirphrionsabal príomha, a bhaineann leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. Sa chomhthéacs seo, ní féidir forbairt inbhuanaithe a bhaint amach má dhéantar codanna faoi mhíbhuntáiste agus codanna imeallaithe a eisiamh agus a fhágáil ina ndiaidh.

Tá sé mar aidhm ag an bplean ionchuimsiú digiteach a bhaint amach sna bealaí seo a leanas:

- Faoi lár na bliana 2024, Cairt um Ionchuimsiú Digiteach a fhoilsiú.
- Ardán a bhunú chun samplaí de dhea-chleachtais in ionchuimsiú digiteach ag gnólachtaí a thaispeáint agus chun an deis chun comhoibriú agus comhpháirtíocht a uasmhéadú, ag leibhéal náisiúnta agus áitiúla.
- I rith 2024, clár aitheantais a fhorbairt le haghaidh éachtaí ar leith ag eagraíochtaí a ghlacann leis an gCairt um Ionchuimsiú Digiteach.
- Cairt a fhorbairt agus a chur cinn.
- Dul chun cinn a dhéanamh le bonneagar digiteach.
- Ár straitéisí litearthachta a chur i bhfeidhm.
- Seirbhísí digiteacha poiblí atá uilechuimsitheach, inrochtana agus oiriúnach do litearthacht a sholáthar.
- Feasacht agus muinín i seirbhísí poiblí digiteacha a chothú.

### 3.6 Ár nOileáin Bheo, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Meitheamh 2023.

*Is é aidhm an bheartais seo ná a chinntiú gur féidir le pobail inbhuanaithe, bhríomhara leanúint ar aghaidh ag maireachtáil - agus rath orthu - ar na hoileáin amach ón gcósta ar feadh blianta fada amach romhainn.*

Tugann an beartas nua maidir le forbairt oileáin na hÉireann aghaidh ar roinnt phríomhcheistanna. Tá béim curtha ag muintir na n-oileán ar an riachtanas tosaíochta do thionscnaimh chun tacú le níos mó daoine agus teaghlaigh óga fanacht nó bogadh chun cónaí ar na hoileáin, táthar ag dul i ngleic leis seo trí dheontais bhreise chun réadmhaoine atá folamh agus tréigthe a athchóiriú. Tacaíonn sé le cianobair chomh maith. Tá cúig ardchuspóir straitéiseacha mar bhonn thaca ag an mbeartas:

1. Leibhéal an daonra ar na hoileáin a athbheochan
2. Eacnamaíocht na n-oileán a éagsúlú
3. Cur le Seirbhísí Sláinte agus Folláine
4. Pobail na nOileán a chumasú
5. Todhchaí chliste inbhuanaithe a thógáil

Tá 80 gníomh ag gabháil leis an bpolasaí don tréimhse 2023 – 2026. Chomh maith le caipiteal a sholáthar le haghaidh forbairt bonneagair tá sé mar aidhm ag na gníomhartha;

- tacaíocht deontais bhreise a bhaineann go sonrach le hoileáin a sholáthar le haghaidh athchóiriú maoine,
- leathanbhanda ardluais a sheachadadh i moil leathanbhanda agus dhigiteacha,
- Faighneoga Ríomhshláinte a réachtáil ar bhonn píolótach chun rochtain ar choinní sláinte ar líne a fheabhsú, agus
- fóram le haghaidh idirphlé a bhunú agus a thacú chun a chinntiú go gcloistear gutha phobail na n-oileán.

### 3.7 Tithíocht do Chách - Plean Úr Tithíochta d'Éirinn, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Meán Fómhair 2021.

Is é cuspóir sonraithe an phlean seo ná:

*go mbeidh rochtain ag gach saoránach sa Stát ar thithe d'ardchaighdeán*

Meastar go mbeidh 33,000 teach nua ar an meán de dhíth in Éirinn gach bliain ó 2021 go 2030. Leagtar ceithre phríomhchuspóir amach sa phlean seo

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- deireadh a chur le heaspa dídine, seachadadh tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta
- soláthar tithíochta nua a mhéadú
- dul i ngleic le folúntas agus úsáid éifeachtach an stoic reatha

## 4.0 Eolas Déimeagrafach

### 4.1 Daonra ag Dul in Aois

Tá líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois agus níos sine ag fás i gcónaí, agus tá próifíl aoise beagán níos sine ag an gcontae ná mar atá sa stát.


#### Meánaois

|      | Corcaigh | Stát |
|------|----------|------|
| 2016 | 37.5     | 37.4 |
| 2022 | 39.1     | 38.8 |

An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022

### Réamh-mheastachán ar Fhás Daonra


Ar an gcaoi chéanna, taispeánann an graf seo an fás réamh-mheasta ar dhaonra na ndaoine os cionn 65 bliain ar fud na hÉireann ar fad sna blianta amach romhainn.



**Réamh-mheastachán ar Dhaonra Chorcaí** Táthar ag súil go leanfaidh céatadán na ndaoine scothaosta i gcoibhneas leis an daonra atá in aois oibre ag fás le linn shaolré an Phlean. Ceaptar go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine scothaosta os cionn 65 bliain d'aois ó 45,800 (2016) go 72,822 (2031) agus 93,212 (2041).

Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022, imleabhar 1, alt 2.4.2

**4.2 Spleáchas** Ríomhtar an cóimheas spleáchais tríd an daonra atá 65 bliana d'aois agus níos sine a chur in iúl mar chéatadán den daonra idir 15 - 64 bliain d'aois. Léiríonn an graf ó Dhaonáireamh 2016 an méadú réamh-mheasta ar spleáchas do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois sna blianta amach romhainn (go náisiúnta).



An Phríomh-Oifig Staidrimh 2016, Mol Eolais na nDaoine Scothaosta

### 4.3 Sláinte

In 2022, dúirt 85% de dhaoine i gCorcaigh go raibh a sláinte go maith nó go han-mhaith i gcomparáid le 88% in 2016 (giota beag níos airde ná an meán náisiúnta). Tá an treocht seo cosúil leis na figiúirí náisiúnta, a léirigh freisin laghdú 4% sna catagóirí maith/an-mhaith, ó 87% go 83%. Tá an titim seo sa rátáil sláinte féindearbhaithe nasctha go láidir le paindéim COVID 19.

#### Daoine ag dearbhú Sláinte mhaith nó sláinte an-mhaith:

|          | 2016 | 2022 |
|----------|------|------|
| Corcaigh | 88%  | 85%  |
| Stát     | 87%  | 83%  |

Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022, imleabhar 1, alt 2.4.2

#### 4.4 Daoine faoi Mhíchumas

Ba é céatadán na ndaoine faoi mhíchumas i gContae Chorcaí do 2022 ná 21%, an-chosúil leis an bhfigiúr don stát, ina raibh 22% faoi mhíchumas.

|                       |        |
|-----------------------|--------|
| Daoine faoi mhíchumas | 75625  |
| Daonra an Chontae     | 360152 |

An Phríomh-Oifig Staidrimh 2022

##### **Príomhphointí - Sláinte agus Míchumas**

- I gcomparáid le hÉirinn ina hiomláine, tá líon níos lú daoine faoi mhíchumas i gContae Chorcaí agus daoine a bhfuil a stádas sláinte féindearbhaite go dona nó an-dona,
- Laistigh den tír, is airde líon na ndaoine faoi mhíchumas i gceantair ina bhfuil próifíl aoise níos sine, go háirithe i gceantair thuaithe i dtuaisceart agus in iarthar an chontae,
- Tá baint ag drochthorthaí sláinte le haois, chomh maith le díothacht shocheacnamaíoch; agus
- Éiríonn go maith le Contae Chorcaí maidir le tosca sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shláinte, ach tá líon measartha ard daoine sa chontae le stíleanna maireachtála neamhghníomhacha agus tá cásanna ailsí agus galair chardashoithíocha os cionn an mheáin.

Próifíl Shocheacnamaíoch an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), 2022


Tuairiscíonn Próifíl Shocheacnamaíoch LECP go bhfuil míchumas féindearbhaite ag beagán níos lú na trí déag faoin gcéad (12.9%) de dhaonra Chorcaí agus leagann seo béim ar an gcomhghaol díreach idir dul in aois agus míchumas. Ar fud Chontae Chorcaí tá líon na ndaoine faoi mhíchumas i suíomhanna ina bhfuil próifíl aoise níos sine, go háirithe pobail tuaithe i dTuaisceart agus in Iarthar Chorcaí.

#### 4.5 Sláinte - Rannpháirtíocht in Aclaíocht agus Spórt

Tá na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht coirp leanúnach nó fiú níos mó gníomhaíochta coirp i ndaoine scothaosta doiciméadaithe go maith agus léirítear go bhfeabhsaítear sláinte choirp agus intinne agus cur le rannpháirtíocht shóisialta agus níos lú tinnis a bheith ar dhaoine. Léiríonn staidéir le blianta beaga anuas go bhfuil níos mó daoine scothaosta ag glacadh páirte in aclaíocht agus spórt, cé go raibh tionchar diúltach ag paidéim COVID 19 ar an rannpháirtíocht seo.

I gCorcaigh, glacann 43.1% de na freagróirí páirt i spórt agus in aclaíocht ar laghad uair sa tseachtain. Is iad na cúig ghníomhaíocht spóirt is mó a thaitníonn le daoine i gCorcaigh ná: an aclaíocht phearsanta, an snámh, an reathaíocht, an rothaíocht agus an sacar. Tuairiscíonn an staidéar freisin gur lú an seans go nglacfaidh daoine a bhfuil tinneas/míchumas fadtéarmach orthu páirt i spórt (28.5%).

### Fíor 3: Rannpháirtíocht i spórt de réir



Rannpháirtíocht daoine fásta i Spórt agus i nGníomhaíocht Choirp i gCorcaigh (Irish Sports Monitor 2015 agus 2017)

## 4.6 Innéacs Díothachta

Is tomhas ar mhíbhuntáiste agus eisiámh sóisialta é Innéacs Díothachta Pobal HP. Is údar imní é go dtuairiscíonn sé an méadú de 4.3% ar líon na dteaghlach atá i ngreim ag an ndíothacht go náisiúnta.

Is éard atá i gceist le **díothacht éigeantach** ná dhá cheann nó níos mó ná na 11 mhír díothachta ag teaghlach... Tháinig méadú breis is ceithre phointe céatadán ar chéatadán na ndaoine 16 bliana d'aois agus níos sine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh (go náisiúnta) a d'fhulaing díothacht éigeantach, ó 13.0% in 2021 go 17.3% in 2022.

Innéacs Díothachta Pobal 2022

*I nDaonáireamh 2016, bhí rátáil iomlán de 3.4 ag Contae Chorcaí san innéacs, a shainmhínítear mar giota beag os cionn an mheáin, i.e. gan bheith faoi mhíbhuntáiste. Mar sin féin, is meán é seo agus ní léiriú é ar cheantair áirithe a bhíonn thíos le míbhuntáistí, amhail ceantair thuaithe agus ceantair ar an gcósta.*

Monatóir Shonraí Eacnamaíocha agus Phobal Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí

*Fuair Contae Chorcaí scór beagán os cionn an mheáin in anailís díothachta in Éirinn a rinne Pobal, eagraíocht arna mhaoiniú ag an Rialtas. D'úsáid an eagraíocht figiúirí ó dhaonáireamh 2022 chun scór 2.69 a thabhairt do Chorcaigh ina Innéacsanna Díothachta nuafhoilsithe.*

Irish Independent, mí na Samhna 2023

## 4.7 Éileamh ar Thithíocht

Tháinig méadú ar an gCóimheas Neamhspleáchais Aoise don tír, ag léiriú na déimeagrafaic atá ag athrú sa chontae agus sa tír araon. An Cóimheas Neamhspleáchais Aoise (líon na ndaoine scothaosta 65+ mar chéatadán den daonra in aois oibre). De réir mar a théann muid in aois, athraíonn ár riachtanais tithíochta. Mar shampla, is féidir nach mbeidh an méid céanna seomraí de dhíth orainn, agus b'fhéidir go mbeidh orainn oiriúnuithe a dhéanamh chun ár dtithe a chur in oiriúint do dhaoine scothaosta.

### Neamhspleáchas Aoise:

|      |       |      |       |
|------|-------|------|-------|
| 2011 | 16.9% | 2022 | 20.2% |
|------|-------|------|-------|

Tacaíonn Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022 – 2028 le soláthar meascán tithíochta a thairgeann rogha do dhaoine scothaosta, agus spreagann sé prionsabail deartha uilíocha a úsáid i réadmhaoin chónaithe nua. Is é príomhaidhm na straitéise tithíochta na roghanna atá ar fáil do dhaoine scothaosta a mhéadú agus comhtháthú tacaíochtaí a éascú ar bhealach níos comhordaithe.

Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022

## 4.8 Leathanbhanda

I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar ról an idirlín inár saol, tá dúshlán ann leathanbhanda a chur ar fáil mar rogha do gach saoránach, i gContae Chorcaí níl leathanbhanda ag beagnach teach amháin as gach deich dteach.

|                   |         |      |
|-------------------|---------|------|
| Iomlán na dTithe  | 127,590 | 100% |
| Gan leathanbhanda | 12504   | 9.7% |

## 5. Modheolaíocht - Conas a forbraíodh an Straitéis Aoisbhá i gContae Chorcaí

Chuaigh Aoisbhá Chontae Chorcaí i gcomhairle le comhairleoirí seachtracha chun tabhairt faoi ullmhú an phlean straitéisigh don tréimhse 2024-2028. Chuathas i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara sa phróiseas, cuid acu go pearsanta agus roinnt ar líne. Tharla an próiseas idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2023.

Is iad na príomhchéimeanna a bhí i gceist leis an bpróiseas ná:

- Comhordú agus pleanáil leis an gComhordaitheoir Aoisbhá & leis an gComhairle Daoine Scothaosta
- Súl a chaitheamh ar na príomhcháipéisí beartais,
- Suirbhé a dhéanamh,
- Agallaimh i bpearsa agus ar líne,
- Anailís ar shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh,
- Dréachtghníomhaíochtaí a ullmhú le tabhairt chun críche i gcomhar le páirtithe leasmhara,
- An doiciméad deiridh a ullmhú.

### Páirtithe Leasmhara a ndeachthas i gComhairle Leo:

- An Chomhairle do Dhaoine Scothaosta (cruinnithe ar líne agus i bpearsa agus éascú ag Cruinniú Cinn Bhliana (CGB)).
- Daoine scothaosta: suirbhé a dháileadh, idir leaganacha ar líne agus páipéir.
- Comhaontas Aoisbhá: (cruinnithe agus cur i láthair ar na dréachtghníomhaíochtaí).
- Foireann Idir-rannach Chomhairle Contae Chorcaí: cruinnithe comhairliúcháin (cruinnithe agus cur i láthair ar na dréachtghníomhaíochtaí).
- Bailte Aoisbháúla: cruinnithe i bpearsa i mBaile Mhistéala, Sráid an Mhuilinn & Beanntraí.
- Ocht nGrúpa Fócais: cruinnithe go príomha i bpearsa sna háiteanna seo a leanas: Mala, an Ráth, Beanntraí, na hOileáin, Baile na Martra/ Baile Mhistéala, an Pasáiste/ Baile an Mhanaigh & an Cruachán.
- Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha: agallaimh.




Grúpa fócais



## Léaráid Modheolaíochta:

### Taighde, forbairt agus táirgeadh na Straitéise Aoisbhá Chontae Chorcaí 2023 – 2028



## 6.0 Fís, Spriocanna & Luachanna

Leagtar amach i Straitéis Aoisbhá Chorcaí an fhís, agus Corcaigh mar Chontae Aoisbhá, agus cuirtear síos ar na bealaí ar féidir an sprioc sin a bhaint amach. Sainmhíníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte pobal “aoisbhá” mar phobal ina n-aithníonn soláthraithe seirbhíse, oifigigh phoiblí, ceannairí pobail, ceannairí creidimh, lucht gnó agus saoránaigh go bhfuil éagsúlacht mhór le sonrú i measc daoine scothaosta, cuireann ionchuimsiú daoine scothaosta agus a n-ionchur i ngach réimse de shaol an phobail chun cinn, bíonn meas acu ar a gcinntí agus ar a roghanna ó thaobh stíl mhaireachtála de, agus smaoiníonn siad chun tosaigh maidir le riachtanais agus roghanna a bhaineann le ag dul in aois, agus freagraíonn siad go solúbtha dóibh.

### 6.1 Fís

Is í seo a leanas an fhís uileghabhálach i gClár Aoisbhá Chontae Chorcaí:

***Déanamh cinnte gur áit iontach atá i gContae Chorcaí chun dul in aois ina bhfuil meas ar gach duine agus luach ag baint leo.***

### 6.2 Aidhmeanna

Tá Clár Aoisbhá Chontae Chorcaí tiomnaithe do na cuspóirí seo a leanas a chur i bhfeidhm chun caighdeán saoil daoine scothaosta a fheabhsú:

- Cur le rannpháirtíocht daoine scothaosta i gcinnteoireacht ar shaincheistean a mbíonn tionchar acu ar a saol.
- Deiseanna agus tacaíochtaí a chur ar fáil a chuireann ar chumas daoine scothaosta saol iomlán a chaitheamh agus saol gníomhach a bheith acu.
- Creat a sholáthar chun seirbhísí a chomhordú chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta.

### 6.3 Luachanna

Is iad na luachanna seo a leanas atá mar bhonn taca ag Clár Aoisbhá Chontae Chorcaí:

**Duinelárnach:** Tá sé mar aidhm ag an straitéis go mbeidh páirt ag daoine scothaosta sa phróiseas cinnteoireachta trí dheiseanna a sholáthar dóibh chun eolas a chur ar na próisis agus ar na seirbhísí poiblí a mbíonn tionchar acu ar a saol.

**Ionchuimsiú:** Aithnítear nach grúpa aonchineálach iad daoine scothaosta, agus cuirtear fáilte roimh an éagsúlacht agus tá an straitéis tiomanta do chomhionannas rannpháirtíochta do dhaoine scothaosta i saol na cathrach a chur chun cinn.

**Comhpháirtíocht:** Tá an Comhaontas tiomanta do bheith ag obair le chéile chun seirbhísí agus tacaíochtaí comhordaithe a sholáthar chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta.

**Nuálaíocht:** Tá an Comhaontas tiomanta do mhodhanna agus do chineálacha cur chuige nuálaíocha a úsáid chun teacht ar réitigh chun a áirithiú go mbeidh Contae Chorcaí ina áit iontach le dul in aois.

## 7.0 Éachtaí maidir le Straitéis 2016 – 2021

---

Cé gur ghabh go leor éachtaí agus dul chun cinn leis an straitéis roimhe seo, bhí siad teoranta ag an tionchar agus ag na srianta a bhain le Paidéim COVID 19, 2020 – 2022. Chuir an víreas isteach go mór ar dhaoine scothaosta in Éirinn agus bhain aonrú agus imní shuntasach dóibh dá bharr. Chuir grúpaí do dhaoine scothaosta stad le bualadh le chéile, cuireadh gníomhaíochtaí ar ceal, agus bhí a lán daoine scothaosta gafa sa teach leo féin. Cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí do dhaoine scothaosta agus aistríodh go leor cruinnithe go cruinnithe ar líne. Cé gur lig an t-aistriú ar líne do chruinnithe agus do chomhráite áirithe leanúint ar aghaidh, ní raibh go leor daoine scothaosta in ann an t-aistriú seo a dhéanamh. Fiú nuair a cuireadh deireadh leis na srianta ar deireadh thiar thall, bhí drogall ar roinnt daoine scothaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta arís.

Cuireadh isteach ar chur chun feidhme Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí ar an mbealach céanna le linn blianta deireanacha na straitéise. D’aistrigh cruinnithe na Comhairle Daoine Scothaosta agus an Chomhaontais ar líne, rud a lig do leibhéal áirithe oibre leanúint ar aghaidh. Cuireadh isteach ar obair na mBailte Aoisbháúla chomh maith, bhí a ngníomhaíochtaí teoranta, agus cuireadh moill ar rolladh amach An Ráth mar Bhaile Aoisbháúil ar feadh dhá bhliain.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar na héachtaí a baineadh amach le linn na straitéise – lena n-áirítear na príomhéachtaí:

- Bhain leabharlanna Chontae Chorcaí stádas Aoisbhá amach, agus tá daoine scothaosta buíoch as a gcuid oibre.
- Cuireadh Páirceáil Aoisbháúil ar fáil i roinnt bailte.
- Lean Bailte Aoisbháúla ar aghaidh lena gcuid pleananna, cé go raibh siad teoranta ag an bpaidéim.
- Bunaíodh Compánaigh Chultúrtha Chorcaí, rud a chuir daoine scothaosta an-suim ann.
- Mar thoradh ar roinnt staidéar ar shoghluaisteacht a críochnaíodh, tá bearta ann chun rochtain agus soghluaisteacht áitiúil a fheabhsú.
- Bronnadh stádas Ollscoil Aoisbháúil ar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.
- Bhí Contae Chorcaí ar cheann de na contaetha a reáchtáil an Clár um Bhailte Aoisbháúla Folláine ar bhonn píolótach. Tá an-rath ar an gclár píolótach go dtí seo agus dá bharr sin tá an clár á rolladh amach ar fud na tíre.
- Bhunaigh Comhairle Contae Chorcaí Foireann Idir-Rannach Aoisbhá a dhéanann ionadaíocht ar gach roinn sa chomhairle. Buaileann an fhoireann le chéile go ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gníomhartha Aoisbháúla inmheánacha.
- Comórtas um Bhailte Aoisbháúla Folláine a Dhearadh. Thug Comhairle Contae Chorcaí agus Scoileanna Ailtireachta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan tacaíocht don chomórtas seo.
- D’fhoilsigh Comhairle Contae Chorcaí bailiúchán scéalta faoi athrú aeráide scríofa ag saoránaigh scothaosta Chorcaí: Guthanna atá ag teacht le Taithí.

## 8. Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí 2024 – 2028

Leagann Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí naoi gcuspóir straitéiseacha amach a chuideoidh le contae aoisbháil a dhéanamh de Chorcaigh agus luaitear iad thíos.

| Téamaí                                        | Cuspóirí Straitéiseacha                                                                                                                                                                                                 |
|-----------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. Iompar                                     | Cur ar a gcumas do dhaoine scothaosta i gContae Chorcaí dul ón áit a bhfuil siad go dtí an áit ar gá dóibh dul nuair is mian leo dul ann.                                                                               |
| 2. Spásanna Lasmuigh agus Foirgnimh           | Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an suíomh, an dearadh agus cothabháil foirgneamh agus na timpeallachta máguaird sábháilte do dhaoine scothaosta agus ar aon dul le dea-chleachtais reatha.                               |
| 3. Cumarsáid agus Eolas                       | Cinnte a dhéanamh de go mbíonn rochtain éasca ag gach duine ar fhaisnéis a bhaineann le seirbhísí do dhaoine scothaosta                                                                                                 |
| 4. Tacaíocht Phobail agus Seirbhísí Sláinte   | Cinnte a dhéanamh de go bhfuil rochtain ag daoine scothaosta ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis mhaith sláinte agus ar áiseanna sláinte agus áineasa a theastaíonn uathu chun saol sláintiúil agus gníomhach a bheith acu. |
| 5. Rannpháirtíocht Chathartha agus Fostaíocht | Cur ar chumas daoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh i ndeiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus sa mhargadh fostaíochta sa chás gur mian leo déanamh amhlaidh.                                                    |
| 6. Rannpháirtíocht Shóisialta                 | Cur ar chumas daoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus polaitiúil an chontae.                                                                                            |
| 7. Meas agus lonchuimsiú Sóisialta            | lonchuimsiú agus meas do dhaoine scothaosta a chur chun cinn i ngach gné de sholáthar seirbhísí.                                                                                                                        |
| 8. Tithíocht                                  | Tacaíochtaí agus seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil chomh maith le tithíocht oiriúnach sna háiteanna cearta chun cur ar chumas daoine scothaosta a bheith ina gcónaí ina dtithe agus ina bpobail féin.               |
| 9. Na hOileáin                                | Cur ar chumas daoine scothaosta leanúint orthu saol d'ardchaighdeán a chaitheamh i bpobail na n-oileán.                                                                                                                 |

### Spriocanna agus Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

D'éascair na spriocanna straitéiseacha agus na gníomhartha comhfhreagracha go léir as na comhairliúcháin le daoine scothaosta, le baill Chomhaontas Chontae Chorcaí agus le heagraíochtaí ábhartha eile (féach aguisín 3). Tá forbhreathnú ar an méid a dúirt daoine scothaosta mar aon leis na spriocanna agus na gníomhartha leagtha amach sa chuid seo a leanas. Go minic le linn comhairliúcháin, tháinig na saincheistanna céanna chun cinn arís agus arís eile, agus cé gur aithníodh cosúlachtaí i go leor réimsí, tháinig difríochtaí chun cinn freisin ar fud an chontae. Is spás an-mhór agus éagsúil é Contae Chorcaí agus cé go raibh go leor ceistanna le feiceáil ar fud an chontae, bhí ceistanna ag ceantair áirithe, go háirithe ceantair iargúlta agus sna hoileáin go háirithe, maidir leis na ceantair sin ar chúiseanna geografacha agus tá siad sin le sonrú freisin sa chuid seo a leanas.

## Iompar

Sprioc Straitéiseach: Cur ar a gcumas do dhaoine scothaosta i gContae Chorcaí dul ón áit a bhfuil siad go dtí an áit ar gá dóibh dul nuair is mian leo dul ann.

---

### Iompar - cad atá á rá ag daoine scothaosta?

**Staidéir ar Shoghluaisteacht.** Chuir Coistí Bailte Aoisbháúla le feabhsú iompair agus soghluaisteachta ina mbailte. Is é an pointe tosaigh le haghaidh na bhfeabhsúchán seo ná tabhairt faoi iniúchadh soghluaisteachta/insiúlta ar lár an bhaile nó an tsráidbhaile, le teimpléad caighdeánach agus le tacaíocht ó innealtóirí an údaráis áitiúil. Tá baint iomlán ag daoine scothaosta leis an iniúchadh agus cuireann na hiniúchtaí críochnaithe plean gníomhaíochta ar fáil chun na sráideanna a dhéanamh níos inrochtana agus níos sábháilte. Tugann na hiniúchtaí agus na pleananna seo an pobal, gnólachtaí áitiúla agus seirbhísí le chéile chun a gcuid sráideanna a dhéanamh níos sábháilte do dhaoine scothaosta, rud a fheabhsaíonn rochtain agus soghluaisteacht do gach cuid den phobal.

**Riachtanais Áitiúla agus Fhorleathana.** Fuarthas go leor moltaí maidir le hiompar poiblí le linn an chomhairliúcháin, rud a léirigh na riachtanais agus na saincheisteanais áitiúla ar fud an chontae. Leagtar béim ar iompar do choinní leighis mar dheacracht do go leor, go háirithe dóibh siúd i gceantair thuaithe. Leagtar béim freisin ar fhorbairt an bhonneagair – stadanna bus, scáthláin bus agus amchláir bus fíor-ama ag scáthláin bus. Tá go leor daoine míshásta maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar áirithintí ar an gclár ama ar líne agus is fearr leo an rogha seo a dhéanamh i bpearsa/glao gutháin a chur. Léiríonn na freagraí an gá atá le comhairliúchán cuimsitheach áitiúil agus réitigh áitiúla laistigh de chomhoibriú feabhsaithe ar fud an chontae idir gach soláthróir poiblí.

**Páirceáil agus Cosáin.** Cuireann daoine scothaosta fáilte roimh pháirceáil atá oiriúnach do dhaoine scothaosta agus ba mhaith leo go gcuirfí níos mó cuasanna páirceála atá oiriúnach do dhaoine scothaosta ar fáil. Ba mhaith le daoine scothaosta go mbeadh cosáin dea-choimeádta, sábháilte le húsáid agus go gcoinneofaí saor ó chonstaicí iad, mar shampla, carranna páirceáilte ar chosáin, comharthaí siopa, etc.

**Rothaíocht agus Raonta Rothaíochta.** Bhí líon níos lú moltaí maidir le raonta rothaíochta i bhfreagraí an tsuirbhé, rud a léirigh an gá agus an t-éileamh ar níos mó roghanna de raonta rothaíochta agus bonneagair a fhorbairt. Gan an rogha seo, is gnách go mbíonn daoine ag brath ar a gcarranna chun bogadh thart. Is rothaithe iad go leor de na daoine scothaosta agus bhainfidís úsáid as lánáí rothaíochta sábháilte, dá gcuirfí ar fáil iad le haghaidh sláinte, fóillíochta agus coinní, etc.

*Tá an t-eolas ar fad ar líne, ticéid a chur in áirithe agus cláir ama, ba bhreá liom dá mbeadh líne ghutháin ann le go bhféadfainn ticéid traenach agus ticéid bhus a áirithint agus amchláir a fháil, tá deacrachtaí agam leis an suíomh gréasáin.*

*Is mór an tairbhe é an bus pobail.*

*Tá géarghá le hiompar poiblí chun ceantair chónaithe an bhaile agus na ceantair iargúlta a nascadh leis an bpríomhlimistéar siopadóireachta agus leis an Ionad Cúraim Phríomhúil nua.*

*Níos mó iompar poiblí agus níos mó iompar do dhaoine faoi mhíchumas timpeall an bhaile.*

*Seirbhís tointeála bus mar tá cnoic i bhfad róghéar do dhaoine scothaosta.*

*Níl aon seirbhís iompair poiblí againn; Caithfidh mé tiomáint gach áit a théim.*

## Téama 1: Iompar - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | Príomhghníomhaireacht                                                                                                           | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta                  |
|-------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|
| 1.1               | Bunóidh Comhaontas Chontae Chorcaí grúpa iompair ar fud an chontae. Oibreoidh an grúpa seo chun tuiscint shoiléir a fhorbairt ar riachtanais iompair phoiblí, chun na bacainní a bhaineann le hiompar a sháru, agus éascóidh sé ardleibhéal comhoibrithe idir soláthraithe príobháideacha agus soláthraithe deonacha agus ionadaithe ón Chomhairle Daoine Scothaosta. | Comhaontas Chontae Chorcaí                                                                                                      | Nasc Áitiúil Chorcaí, Bus Éireann, Iarnród Éireann |
| 1.2               | Cinntoidh Comhairle Contae Chorcaí, Bus Éireann agus Nasc Áitiúil go mbeidh cur chuige comhordaithe mar fhreagra ar cheisteanna a ardaíodh le linn comhairliúcháin maidir le soláthar seirbhísí bus áitiúil, bonneagar na stadanna bus, scáthlám bus, suíomh, rochtain shábháilte agus soláthar faisnéise.                                                            | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                                                                            | Nasc Áitiúil Chorcaí, Bhus Éireann,                |
| 1.3               | Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ag cur tuilleadh spásanna páirceála atá oiriúnach do dhaoine scothaosta ar fáil, mar a shonraítear go háitiúil i mbailte agus i sráidbhailte.                                                                                                                                                                                      | Stiúrtóireacht na mBóithre agus Iompair, Oibríochtaí na Ceantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                                    | Bailte Aoisbháúla, An Chomhairle Daoine Scothaosta |
| 1.4               | Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí le rolladh amach raonta agus bonneagar rothaíochta.                                                                                                                                                                                                                                                                                | Stiúrtóireacht na mBóithre agus Iompair                                                                                         | Bailte Aoisbháúla, An Chomhairle Daoine Scothaosta |
| 1.5               | Leanfaidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí ag soláthar páirceáil atá oiriúnach do dhaoine scothaosta ar a láithreacha nuair is féidir.                                                                                                                                                                                                                          | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona, Stiúrtóireacht na mBóithre agus Iompair Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe |                                                    |
| 1.6               | Cuideoidh Scéim Cúnaimh Taistil de chuid Bus Éireann le haon chustaiméir ar mhaith leis/léi cabhair chun Busanna Cathrach Chorcaí agus traenacha comaitéireachta Iarnród Éireann a úsáid.                                                                                                                                                                             | Bus Éireann                                                                                                                     |                                                    |
| 1.7               | Cuirfidh Bus Éireann Óstach Custaiméara ar fáil i gCathair Chorcaí chun cúnamh a thabhairt do phaisinéirí nuair is gá le faisnéis faoin amchlár, priontáil amchláir agus comhairle a thabhairt maidir le lonnú áit imeachta busanna.                                                                                                                                  | Bus Éireann                                                                                                                     |                                                    |
| 1.8               | Faoi <i>Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nasc</i> , tá sé ar intinn ag Bus Éireann soghluaisteacht a fheabhsú i gceantair thuaithe, agus déanfaidh sé é sin trí naisc níos fearr a sholáthar idir sráidbhailte agus bailte trí na ceantair sin a nascadh le gréasán réigiúnach feabhsaithe a nascfaidh cathracha agus lárionaid réigiúnacha ar fud na tíre.      | Bus Éireann                                                                                                                     |                                                    |

## Spásanna Lasmuigh & Foirgnimh

Sprioc Straitéiseach: chun a chinntiú go bhfuil suíomh, dearadh agus cothabháil foirgneamh agus na timpeallachta máguaird aoisbháúil agus ar aon dul le dea-chleachtais reatha.

---

### Spásanna Lasmuigh & Foirgnimh - cad atá á rá ag daoine scothaosta?

**Cleachtas Caighdeánach.** Cé go bhfuil go leor feabhsuithe ar an rochtain ar spásanna agus ar fhoirgnimh lasmuigh, bhí iarratais shuntasacha ó dhaoine scothaosta chun soláthar na mbunghnéithe a chinntiú. Mar shampla, rampaí agus ráillí láimhe a sholáthar ag bealaí isteach, leithris atá oiriúnaithe mar is cuí, agus go mbeidh na nithe sin ar fáil mar chleachtas caighdeánach. Ní theastaíonn ó dhaoine scothaosta go mbeidh orthu bealach isteach speisialta ná leithreas do dhaoine faoi mhíchumas a iarraidh.

**Staidéir ar insiúltacht/soghluaiseacht.** Cé gur dhírigh an comhairliúchán ar shaincheistean ar fud an chontae, leagfaidh daoine béim ar riachtanais áitiúla go nádúrtha, amhail trasbhealaí níos sábháilte, soilsiú sráide, moilliú trácht, cosáin fheabhsaithe, etc. Is féidir staidéar soghluaisteachta/insiúltachta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean áitiúla ar bhealach comhordaithe. Mholfadh daoine scothaosta a bhfuil taithí acu ar an luach a bhaineann le staidéar insiúltachta/soghluaisteachta ina gceantar na hiniúchtaí a dhéanamh mar ghnáthchleachtas. Chomh maith leis na buntáistí atá le baint ag daoine scothaosta, téann na feabhsuithe ar an mbonneagar áitiúil chun tairbhe gach earnála, agus neartaíonn an próiseas rannpháirtíocht an phobail áitiúil i bhforbairt a gceantar.

**Cothabháil.** Le linn na gcomhairliúchán, bhí fonn ar dhaoine scothaosta a meas a léiriú ar fhorbairtí bonneagair ina gceantair ar nós cosáin fheabhsaithe, spásanna poiblí agus limistéir ghlasa. Mar sin féin, cuireann siad in iúl an gá atá le cothabháil na n-áiseanna a chinntiú mar go bhféadfadh constaicí ar leith a bheith os a gcomhair i gcás cosáin bhriste, fréamhacha atá ag gobadh amach, etc.

**Compord a Sholáthar.** Iarrann na freagraí freisin go gcuirfí níos mó suíochán agus leithreas isteach, in áiteanna poiblí agus in ionaid siopadóireachta agus in ionaid seirbhísí eile. Cuireann na háiseanna seo daoine scothaosta ar a gcompord agus iad ag tabhairt faoina gcuid siopadóireachta agus coinní, etc. Ag baint leis seo tá an moladh oiliúint feasachta a chur ar fáil do ghnóthaí áitiúla chun a gcuid áiseanna do chustaiméirí níos sine a fheabhsú.

*...níl sé éasca do dhaoine i gcathaoireacha rothaí nó dóibh siúd a bhfuil áiseanna siúil acu*

*Tá formhór na bhfoirgneamh poiblí inrochtana go leor.*

*Níl fadhbanna soghluaiseachta agam*

*Níor chóir go mbeadh cead ag carranna páirceáil ar chosáin*

*Tá fáilte i gcónaí roimh níos mó comharthaíochta agus comharthaíocht shoiléir*

*Tá iompar frithshóisialta i bpáirceanna bagrach.*

*Níos mó cosáin inrochtana agus chothroma, agus gan céimeanna móra*

## Téama 2: Spásanna Lasmuigh & Foirgnimh - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               | Príomhghníomhaireacht                                | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta                                       |
|-------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------|
| 2.1               | Cuirfidh Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí na prionsabail deartha uilíocha is fearr chun cinn de réir an bheartais náisiúnta agus tacóidh sé leo le go mbeidh siad ina gcleachtas rialúcháin i ndearadh foirgneamh agus áiseanna, trí raon de na Sraitheanna Straitéisí Aoisbhá Éireann don earnáil phríobháideach, phoiblí agus phobail. | Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí                   | Cumann Tráchtála Chorcaí, Lónra Rannpháirtíochta Pobail Chorcaigh (PPN) |
| 2.2               | Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ar aghaidh ag cinntiú go soláthrófar áiteanna suíocháin aoisbháúla i spásanna poiblí nua agus cuirfidh siad an soláthar sin chun cinn go gníomhach i bhforbairtí nua, mar a fhoráiltear i gCuid VIII de na hiarratais ar Scéimeanna um an Réimse Poiblí.                                                | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe |                                                                         |
| 2.3               | Cuirfidh Cumann Tráchtála Chorcaí béim ar sholáthar bonneagair atá oiriúnach do dhaoine scothaosta agus cuirfidh sé chun cinn é lena chomhaltáí tríd an gclár Gnó Aoisbhá, le fócas ar leith ar an earnáil mhiondíola.                                                                                                                     | Cumann Tráchtála Chorcaí                             | Comhaontas Aoisbhá                                                      |
| 2.4               | Déanfaidh Coistí na mBailte Aoisbháúla, chomh maith le bailte agus sráidbhailte eile, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chorcaí, iniúchtaí insiúltachta chun eolas a fháil ar na háiteanna ar féidir athruithe a dhéanamh orthu, chun rochtain ar an mbaile a mhéadú agus chun an baile a dhéanamh níos oiriúnaí do dhaoine scothaosta.     | Coistí na mBailte Aoisbháúla                         | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                    |
| 2.5               | Déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí cinnte go bhfuil an guth ar son oiriúnachta do dhaoine scothaosta agus ceisteanna ábhartha san áireamh in Athghiniúint Bailte agus i dTionscnaimh Lár Bailte ar dTús.                                                                                                                                   | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe | An Chomhairle Daoine Scothaosta                                         |
| 2.6               | Déanfaidh Stiúrthóireacht Phleanála & Bheartais Chomhairle Contae Chorcaí athbhreithniú ar a beartas maidir le spásanna oscailte i bhforbairtí cónaithe chun nascacht níos fearr idir spásanna oscailte a chinntiú.                                                                                                                        | Stiúrthóireacht Phleanála & Bheartais                |                                                                         |



Grúpa fócais



## Córais Chumarsáide & Eolais

Sprioc Straitéiseach: chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh rochtain éasca ag gach duine ar eolas a bhaineann le seirbhísí daoine scothaosta.

---

### Córais Chumarsáide & Eolas – cad atá á rá ag na daoine scothaosta?

**An tAistriú Ar Líne.** Chuir an dianghlasáil in Éirinn de bharr phaindéim COVID-19 dlús leis an aistriú chuig seirbhísí a sholáthar ar líne. Le linn an aistrithe ar líne dúnadh roinnt oifigí áitiúla de chuid seirbhísí stáit agus níor oscail siad arís nuair a cuireadh deireadh leis na srianta paindéime, amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Ionaid Eolais do Shaoránaigh. Tá athrú atá ag fás de shíor le sonrú ó sheirbhísí i bpearsa, duine le duine go seirbhísí ar líne agus uathoibríocha. D'fhulaing daoine scothaosta go háirithe mar gheall ar leithlisiú agus cuireadh isteach ar a rannpháirtíocht shóisialta le linn na dianghlasála – laghdaítear rannpháirtíocht agus sóisialú an duine scothaosta mar gheall ar an gclaonadh chun seirbhísí a sholáthar ar líne gan staonadh. Níl na gnéithe diúltacha a bhaineann leis an tionchar a bhíonn ag an athrú seo ar ár saol á gcur chun cinn go leor.

**An Bhearna Dhigiteach.** Thuairiscigh daoine scothaosta go raibh frustrachas agus crá suntasach orthu leis an aistriú chuig cianseirbhísí, a chuirtear ar fáil trí scáileáin agus meaisíní gutha uathoibríocha. Go ginearálta, bíonn níos lú muiníne agus scileanna ag daoine scothaosta in úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha, ach is mór leo freisin déileáil go díreach le duine daonna eile gan píosa bogearraí mar idirghabhálaí. Leagann siad béim ar an gcailliúint rogha maidir le húsáid a bhaint as seirbhísí, agus téann cuid acu chomh fada le mothúcháin a chur in iúl go bhfuil tromaíocht á déanamh orthu nuair a bhaintear an rogha.

**Oiliúint TF.** Tá sé tábhachtach a chur in iúl nach raibh daoine scothaosta in aghaidh na teicneolaíochta sna comhairliúcháin, agus d'éiligh go leor go gcuirfí níos mó ranganna ar fáil ina gceantar féin maidir le húsáid gutháin phóca agus úsáid idirlín chun teacht ar fhaisnéis agus chun áirithint a dhéanamh, etc.

**Córais Chumarsáide Áitiúla.** Deir daoine scothaosta go bhfuil easpa comhordaithe nó lárphointe eolais ag leibhéal an phobail áitiúil, agus nach bhfuil siad ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú ina gceantar. Ba mhaith le go leor daoine sna comhairliúcháin go gcuirfí cumarsáid chlóite faoi imeachtaí agus seirbhísí áitiúla ar fáil, lena n-áirítear cló soiléir agus Béarla simplí a úsáid.

*Seas siar ó bheith ag brath an iomarca ar mhodhanna digiteacha*

*Gan glacadh leis go bhfuil gach duine eolach ar chúrsaí ríomhaireachta*

*Níos mó cainte, níos lú teicneolaíochta*

*Seolann gach comhairle thú chuig an ríomhaire [www.](http://www.)*

*Tá mé an-eolach ar chúrsaí Idirlín, ach is trua liom na daoine scothaosta nach bhfuil, mar sa lá atá inniu ann glactar leis go bhfuil gutháin chliste & rochtain ar an idirlíon ag gach duine.*

*Tá an-deacracht agam eolas a fháil ar cad atá ag tarlú sa bhaile.*

### Téama 3: Córais Chumarsáide & Eolais - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                      | Príomhghníomhaireacht             | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta   |
|-------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------|-------------------------------------|
| 3.1               | Cuirfidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí, in éineacht leis an gComhairle Daoine Scothaosta, córais chumarsáide atá oiriúnach do dhaoine scothaosta chun cinn i measc a bhallghníomhaireachtaí.                                                                         | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí        | Comhairle Daoine Scothaosta Chorcaí |
| 3.2               | Déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí cinnte de go bhfuil a seirbhísí éasca le húsáid agus inrochtana do dhaoine scothaosta.                                                                                                                                         | Aonad na Seirbhíse Deartha, CCC   |                                     |
| 3.3               | Leanfaidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí agus a mball le feasacht a ardú ar na saincheistanna a bhaineann leis an mbearna dhigiteach agus lena tionchar ar dhaoine scothaosta.                                                                                        | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí        |                                     |
| 3.4               | Spreagfaidh Cumann Tráchtála Chorcaí gnólachtaí chun an rogha glao díreach a chur isteach a sholáthar do chustaiméirí chomh maith leis an rogha ar líne.                                                                                                          | Cumann Tráchtála Chorcaí          | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí          |
| 3.5               | Reáchtálfaidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí, in éineacht leis an gComhairle Daoine Scothaosta, úsáid Moil TF ar bhonn píolótach le haghaidh cianchruinnithe le heagraíochtaí do dhaoine scothaosta.                                                                  | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí        | An Chomhairle Daoine Scothaosta     |
| 3.6               | Óstálfaidh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí réimse cainteanna, e.g., Bailte Folláine, Gardaí, Scileanna Digiteacha, etc.                                                                                                                                    | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona | Na gníomhaireachtaí ábhartha        |
| 3.7               | Cuirfidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise in iúl do phobail áitiúla gach bliain.                                                                                                                                         | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí        | An Chomhairle Daoine Scothaosta     |
| 3.8               | Bunóidh Bailte Aoisbháúla Chontae Chorcaí suíomh gréasáin Bailte Aoisbháúla agus leathanach Facebook chun feasacht ar Aoisbhá a chur chun cinn agus chun faisnéis a sholáthar ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí atá ag titim amach go háitiúil agus go náisiúnta. | Bailte Aoisbháúla                 |                                     |
| 3.9               | Bainfidh Garda Síochána úsáid as bealaí traidisiúnta cumarsáide chun faisnéis a chur in iúl do go leor daoine scothaosta (e.g. raidió áitiúil agus náisiúnta, nuachtáin, fógraí poiblí, etc.).                                                                    | An Garda Síochána                 | An Chomhairle Daoine Scothaosta     |
| 3.10              | Óstálfaidh an Garda Síochána clinici faisnéise i bpobail, dírithe go sonrach ar riachtanais daoine scothaosta.                                                                                                                                                    | An Garda Síochána                 | An Chomhairle Daoine Scothaosta     |

## Tacaíocht Phobail & Seirbhísí Sláinte

Sprioc Straitéiseach: chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil rochtain ag daoine scothaosta ar sheirbhísí sláinte agus ar eolas sásúil agus ar áiseanna sláinte agus áineasa atá oiriúnach do dhaoine scothaosta a theastaíonn uathu chun saol iomlán agus gníomhach a chaitheamh.

---

### Tacaíocht Phobail & Seirbhísí Sláinte – cad atá á rá ag daoine scothaosta?

**Pacáiste Tacaíochta Baile.** Léiríodh an-mhíshástacht maidir le leibhéal na seirbhísí Tacaíochta Baile/Cúram Baile an FSS do dhaoine scothaosta. Le linn na gcomhairliúcháin mhothaigh go leor daoine go raibh an tseirbhís ag éirí an-easnamhach, leis an am a cuireadh ar fáil do chuairt agus an cineál tacaíochta a chuirtear ar fáil teoranta. Braitear nach bhfreastalaíonn sé seo ar riachtanais go leor daoine spleácha scothaosta agus nach bhfuil sé ag teacht le polasaí an rialtais maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine fanacht ina dteach féin chomh fada agus is féidir. D’aithin cúramóirí agus eagraíochtaí tacaíochta pobalbhunaithe an gá atá le comhordú agus comhtháthú níos fearr sna seirbhísí sláinte stáit le seirbhísí pobail agus deonacha áitiúla.

**Tionchar COVID 19.** Dúirt go leor go raibh tionchar fadtéarmach ag paindéim COVID-19 ar shláinte daoine scothaosta, le roinnt daoine nach bhfuil ag filleadh ar eagraíochtaí sóisialta, agus roinnt grúpaí nach raibh ag teacht ar ais nuair a cuireadh deireadh leis na srianta. Dúradh freisin nach dtuigtear tionchar iomlán na paindéime go maith, agus go ndéanfaidh tuiscint níos fearr ar an tionchar an-mhaitheas d’eagraíochtaí agus do sheirbhísí agus a gcuid freagraí á bhforbairt acu.

**Freastal ar Riachtanais Áitiúla.** Téama a thagann chun cinn arís agus arís le linn na gcomhairliúcháin ná an gá atá le seirbhísí a sholáthar go háitiúil chun freastal ar riachtanais áitiúla. Agus, mar atá i dtéamaí eile sa straitéis seo, ba mhaith le daoine scothaosta go ndéanfaí forbairt ar sheirbhísí sláinte i gcomhairliúcháin fónta. Agus an straitéis seo á hullmhú tá géarchéim i leibhéal na seirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta, agus tá sé seo le brath i measc daoine scothaosta a bhfuil na seirbhísí is mó de dhíth orthu. Bíonn imní ann maidir le coinní a fháil. Ba mhaith le daoine scothaosta go gcuirfí coinní agus teiripí sláinte ar fáil i gclinicí áitiúla oiread agus is féidir in ionad a bheith orthu turais thimpeallacha a dhéanamh go minic ar iompar poiblí chuig an ospidéal is cóngaraí.

**Ag dul in Aois go Maith.** Chomh maith leis sin, ba mhaith le daoine scothaosta go gcuirfí tuilleadh clár maidir le bearta coisctheacha/ag dul in aois go maith /folláine ar fáil ina gceantar, agus ba mhaith le seirbhísí pobail atá lonnaithe go háitiúil ról a bheith acu chun na cláir seo a éascú.

*... tá sé beagnach dodhéanta coinne a fháil leis an dochtúir, bheadhort fanacht 2 sheachtain chun bualadh le do Liachleachtóir Ginearálta.*

*Caithfidh mé íoc as gach seirbhís sláinte a úsáidim. Ba mhór agam cúram sláinte cuimsitheach saor in aisce do gach duine os cionn 70 bliain d’aois, go háirithe fáil ar thástáil luath ar ghalair.*

*Bíonn a lán daoine scothaosta ag streachailt lena dtithe a choinneáil glan. Bheadh scéim fóirdheontais ina chuidiú maith leis sin.*

*An féidir roinnt seirbhísí sláinte cosúil le héisteolaíocht agus fisiteiripe a bheith i suíomhanna Cúraim Phríomhúil fiú uair sa mhí chun an deacracht a bhaineann le dul a fhad leis an gcathair le haghaidh coinní a sheachaint?*

#### Téama 4: Tacaíochtaí Pobail & Seirbhísí Sláinte - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | Príomhghníomhair eacht                          | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta                         |
|-------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------|
| 4.1               | Tacóidh Clár Éire Shláintiúil de chuid Chomhairle Contae Chorcaí le tionscnaimh chun feabhas a chur ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine scothaosta, go háirithe iad siúd nach bhfuil chomh gníomhach agus nach bhfuil rannpháirteach.                                                                                                                                                                 | Clár Éire Shláintiúil Chomhairle Contae Chorcaí | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona, Comhpháirtíocht Spóirt |
| 4.2               | Beidh Sláinte Pobail Chorcaí agus Chiarraí (Cúraim Sláinte Pobail Chorcaí agus Chiarraí) ag plé leis an gComhairle Daoine Scothaosta mar phríomhpháirtithe leasmhara maidir le soláthar agus leathnú seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte, e.g. seirbhísí cúraim lae, imeachtaí faisnéise, agus maidir le straitéisí náisiúnta a leathadh amach sa cheantar, amhail an Straitéis Náisiúnta maidir le Néaltrú. | Sláinte Pobail Chorcaí agus Chiarraí            | An Chomhairle Daoine Scothaosta                           |
| 4.3               | Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí oiliúint ar fáil don fhoireann maidir le Tacú le Daoine a bhfuil Nealtrú orthu.                                                                                                                                                                                                                                                                                               | Oibríochtaí CB & Forbairt Tuaithe               | Cumann Alzheimer na hÉireann                              |
| 4.4               | Beidh Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí ag lorg maoinithe chun tús a chur le staidéar ar iarmhairtí Covid ar dhaoine scothaosta, go háirithe maidir leis na gníomhaíochtaí agus na heagraíochtaí nár thosaigh arís.                                                                                                                                                                                            | Comhaontas Aoisbhá.                             | An Chomhairle Daoine Scothaosta.                          |
| 4.5               | Cuirfidh Bailte Aoisbháúla Chontae Chorcaí tionscnaimh i bhfeidhm chun go mbeidh sé báúil do dhaoine le Nealtrú.                                                                                                                                                                                                                                                                                                | Bailte Aoisbháúla                               |                                                           |
| 4.6               | Cuirfidh Gardaí Pobail an Scéim Rabhaidh do Sheanóirí chun cinn go gníomhach agus rachaidh siad i dteagmháil le heagraíochtaí áitiúla a dháileann Aláirim Phearsanta Éigeandála.                                                                                                                                                                                                                                | An Garda Síochána                               | Grúpaí Pobal ar Aire.                                     |



Grúpa fócais An Phasáiste

## Rannpháirtíocht Chathartha & Fostaíocht

Sprioc Straitéiseach: Cur ar chumas daoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh i ndeiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus sa mhargadh fostaíochta sa chás gur mian leo déanamh amhlaidh.

### Cad atá á rá ag daoine scothaosta?

**Aois Scoir.** Is í an phríomhcheist is cúis imní maidir leis an téama seo ná an aois scoir. Creideann go leor daoine nach bhfuil údar maith leis an gcleachtas go gcaithfí dul ar scor ag 65 bliana d'aois agus gur cheart deireadh a chur leis i bhfabhar na rogha chun dul ar scor, gan dul ar scor nó leanúint ar aghaidh ag obair ar bhonn páirtaimseartha. Tugann roinnt daoine le tuiscint go bhféadfadh fostóirí beartas a fhorbairt chun daoine scothaosta a fhostú.

**Scileanna TF.** Ba mhaith le daoine scothaosta tionscnaimh oiliúna nua a fheiceáil, le tacaíochtaí aonair san áireamh, chun cabhrú le dul i ngleic leis an mbearna dhigiteach. Moladh freisin, go ginearálta, go bhfuil gá le straitéisí chun tacú le hoideachas agus le hoiliúint leanúnach do dhaoine scothaosta chun tacú lena bhfostaíocht leanúnach chomh maith le forbairt phearsanta leanúnach. Éilíonn an t-aiseolas seo go ndéanfaí tuilleadh ionadaíochta ar ghuth na ndaoine scothaosta i gcomhlachtaí cinnteoireachta chomh maith.

*Ó chuaigh mé ar scor níorbh fhéidir liom dul i mbun fostaíochta seachas obair dheonach a dhéanamh. Níos mó maidineacha eolais agus daoine i láthair go pearsanta seachas eolas ar na méain shóisialta.*

*Go breá má tá a modh iompair féin ag duine.*

*Ba cheart an deis a thabhairt do dhaoine scothaosta fanacht sa lucht saothair chomh fada agus is féidir leo.*

*Níl sé éasca obair a fháil má tá tú os cionn 60.*

*Níl suim agam sa topaic seo mar tá mé ar scor.*

### Téama 5: Rannpháirtíocht Chathartha & Fostaíocht - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                      | Príomhghníomhaireacht                                | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta |
|-------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------|-----------------------------------|
| 5.1               | Beidh Comhaontas Chontae Chorcaí ag plé le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i dtaca le tionscnaimh oiliúna bhreise a sholáthar le tacaíochtaí aonair chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach.       | Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí                 | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona |
| 5.2               | Cuirfidh Cumann Tráchtála Chorcaí, in éineacht le Comhaontas Aoisbhá Chorcaí, fostaíocht na ndaoine thar an aois scoir traidisiúnta de 65 chun cinn.                                                              | Cumann Tráchtála Chorcaí                             | Comhaontas Aoisbhá                |
| 5.3               | Déanfaidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí a dhícheall ionadaíocht níos fearr a chinntiú do ghuthanna daoine scothaosta, ina cuid éagsúlacht uile, ar chomhlachtaí poiblí de réir mar a leanann an daonra aosta ag fás. | Comhaontas Aoisbhá                                   | An Chomhairle Daoine Scothaosta   |
| 5.4               | Soláthraithe oideachais chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha éagsúla daoine scothaosta agus chun tacú leo a bheith rannpháirteach san oideachas.                                                  | Bord Oideachais & Oilúna Chorcaí                     | Comhaontas Aoisbhá Chorcaí        |
| 5.5               | Tabharfaidh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan faoi staidéir ar shoghluaisteacht ar a campais.                                                                                                                    | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan                   |                                   |
| 5.6               | Beidh Comhairle Contae Chorcaí sa tóir ar aighneachtaí ó cheithre bhaile eile le bheith ina mBailte Aoisbháúla.                                                                                                   | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe | An Chomhairle Daoine Scothaosta   |

## Rannpháirtíocht Shóisialta

Sprioc Straitéiseach: Cur ar chumas daoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus polaitiúil an chontae.

---

**Compánaigh Chultúrtha.** Is forbairt dhearfach nua a thacaíonn le rannpháirtíocht shóisialta é an tionscadal Compánaigh Chultúrtha le tacaíocht ó Mhuintir na Tíre, FSS agus Comhairle Contae Chorcaí. Cruthaíonn an tionscadal seo líonraí áitiúla de dhaoine atá ar aon intinn agus a bhfuil suim acu sna healaíona agus sa chultúr ar féidir leo dul chuig imeachtaí cultúrtha le chéile. Tugann sé le chéile daoine atá ar aon intinn lena chéile agus a thagann le chéile go rialta chun dul amach le duine eile nó mar chuid de ghrúpa beag. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal níos mó deiseanna a sholáthar do dhaoine scothaosta a bheith ag plé le cultúr bríomhar agus le healaíon na hÉireann. Bhí na daoine scothaosta a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí an-sásta leis agus ba mhaith leo go ndéanfar é a neartú agus a leathnú amach.

**Spásanna Oiriúnacha chun Teacht le Chéile.** Ceann de na deacrachtaí a tuairiscíodh sna comhairliúcháin a rinne roinnt eagraíochtaí do dhaoine scothaosta ná iarracht a dhéanamh seomraí oiriúnacha a aimsiú dá ngníomhaíochtaí. Níl cúinne i mbeár nó in óstán oiriúnach do na grúpaí, agus níl seomraí oiriúnacha nó compordacha ag roinnt pobail. Tá cás láidir ann go ndéanfadh hallaí pobail áitiúla cinnte ar a laghad seomra amháin san fhoirgneamh a bheith feistithe go hoiriúnach chun go mbeidh sé níos éasca rochtain a fháil air agus go mbeidh sé compordach. Bhí moladh eile ann go bhféadfaí an t-ionad traidisiúnta Cúraim Lae a oiriúnú le húsáid mar mhol sóisialta do dhaoine scothaosta i gcoitinne agus do dhaoine scothaosta a bhfuil níos mó riachtanais tacaíochta acu le haghaidh amanna nach bhfuil sé in úsáid.

**Paindéim Covid 19.** Mar a luadh cheana féin, chuir Paindéim Covid 19 isteach go mór ar líonraí sóisialta, agus mar thoradh air sin tá gá le hiarrachtaí breise fós chun rannpháirtíocht a éascú i measc roinnt daoine scothaosta a bhfuil drogall orthu bheith rannpháirteach arís. Creideann grúpaí do dhaoine scothaosta agus eagraíochtaí tacaíochta go bhfuil gá le for-rochtain comhsheasmhach chomh maith le cumarsáid chuí chun ionchuimsiú a chinntiú a oiread agus is féidir. Is léir gur fearr le daoine scothaosta cumarsáid thraidisiúnta chlóite maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí laistigh den phobal áitiúil.

**Nuashonruithe Rialta.** Thar thréimhse na gcomhairliúcháin, fuair an t-éascaitheoir aiseolas a léirigh cáiréis agus fiú amhras faoi phróisis chomhairliúcháin. Chuir roinnt daoine imní in iúl nach mbeadh sa chomhairliúchán ach cur i gcéill agus nach mbeadh siad ar an eolas faoi fhorbairtí i gcur i bhfeidhm pleananna. Leagann sé seo béim ar a thábhachtaí atá sé nuashonruithe leanúnacha a sholáthar do ghrúpaí daoine scothaosta agus do phobail áitiúla de réir mar a chuirtear an plan i bhfeidhm sna blianta amach romhainn. Ní mór go mbeadh a fhios ag daoine gur glacadh go dáiríre lena n-aiseolas agus go bhfuil sé curtha san áireamh sa phlean.

*Spásanna sóisialta chun teacht le chéile go sábháilte le haghaidh comhrá, faisnéise agus comhairle, agus páirceáil oiriúnach ann.*

*Ní féidir liom úsáid a bhaint as an idirlíon, léim an nuachtán agus an nuachtlitir áitiúil.*

*Ba cheart go mbeadh sé mar sprioc amach anseo go gcuirfeadh gach baile áitribh nó limistéar oiriúnach ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar féidir le saoránaigh áitiúla an cheantair sin a bheith páirteach iontu.*

## Téama 6: Rannpháirtíocht Shóisialta – Gníomhaíochtaí

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | Príomhghníomhaireacht             | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta                                             |
|-------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------|
| 6.1               | Rachaidh Comhaontas Aoisbhá Chorcaí i ngleic le deacrachtaí daoine scothaosta agus grúpaí maidir le rochtain a fháil ar ionaid oiriúnacha. Tabharfar faoi iniúchadh inrochtaineachta ar áiseanna cultúrtha chun rochtain saor ó bhacainní a chinntiú do dhaoine scothaosta. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo an coincheap 'Seomra' a chur chun cinn i halla pobail agus i seirbhísí pobail eile. [is seomra an Ghaeilge ar 'room' mar shampla seomra suí] | Comhaontas Aoisbhá                | Muintir na Tíre, Cuideachtaí forbartha áitiúla                                |
| 6.2               | Cuirfidh Muintir na Tíre, in éineacht le Roinn Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí agus an Clár Éire Shláintiúil, an clár Compánaigh Chultúrtha chun cinn agus déanfaidh siad é a leathadh amach.                                                                                                                                                                                                                                                       | Muintir na Tíre                   | Roinn Oidhreachta Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona, an Clár Éire Shláintiúil |
| 6.3               | Leanfaidh Muintir na Tíre le forbairt líonraí/moil Compánaigh Chultúrtha áitiúla breise a fhorbairt agus a bhunú ar fud Chontae Chorcaí chun naisc shóisialta agus rannpháirtíocht chultúrtha a éascú do dhaoine scothaosta laistigh dá bpobail áitiúla.                                                                                                                                                                                                  | Muintir na Tíre                   | Roinn Oidhreachta, Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona, Éire Shláintiúil        |
| 6.4               | Déanfaidh Roinn Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí iniúchadh ar an rochtain ar láithreáin oidhreachta do dhaoine scothaosta.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           | Roinn Oidhreachta                 | Oifig na nOibreacha Poiblí, Úinéirí talún príobháideacha                      |
| 6.5               | Cuirfidh an tSeirbhís Leabharlainne & Ealaíona deiseanna idirghlúine le chéile don chruthaitheacht a bhainfidh leas as críonnacht agus as taithí daoine scothaosta agus as fuinneamh daoine óga.                                                                                                                                                                                                                                                          | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona |                                                                               |

## Meas agus Ionchuimsiú Sóisialta

Sprioc Straitéiseach: ionchuimsiú agus meas do dhaoine scothaosta a chur chun cinn i ngach gné de sholáthar seirbhísí.

---

**Bailte Aoisbháúla.** I mbailte le Coiste Aoisbhá agus plean aoisbhá, tháinig na hearnálacha pobail agus gnó le chéile chun iarracht a dhéanamh soghluaisteacht, bonneagar feabhsaithe agus feasacht níos fearr maidir le daoine scothaosta a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí miondíola agus seirbhísí eile. Mar sin féin, i roinnt bailte nach bhfuil tosaithe ar an turas aoisbhá, tuairiscíonn daoine scothaosta go bhfuil easpa feasachta acu ar chustaiméir scothaosta. Éilíonn aiseolas go ndéanfar soláthar leanúnach, mar shampla, suíocháin laistigh d'ollmhargaí agus d'ionaid siopadóireachta, níos mó leithreas poiblí agus oiliúint feasachta don fhoireann. Tá fonn ann go dtéadh miondíoltóirí chun cainte freisin níos mó lena gcuid custaiméirí scothaosta, agus áiríonn sin gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí freisin.

**Meonta Aoisíocha.** Tá an t-aoiseachas fós coitianta agus tá sé le sonrú ag daoine scothaosta i meonta, i struchtúir agus i ndeiseanna fostaíochta. Mothaíonn daoine scothaosta go ndéantar leithcheal orthu maidir le deiseanna fostaíochta agus nach gcuirtear go leor luacha ar an taithí atá acu. Is féidir leis an léiriú ar dhaoine scothaosta sna meáin steiréitíopaí diúltacha a threisiú go fóill; bheadh níos mó infheictheachta sna meáin mar chéim chun dul i ngleic leis seo.

**Tionscnaimh Idirghlúine.** Tacaíonn Comhairle Contae Chorcaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan leis an gComórtas Deartha um Bhailte Aoisbháúla. Soláthraíonn an t-imeacht seo ardán do mhic léinn ailtireachta na dara bliana a seiftiúlacht i ndearadh tithe atá oiriúnach do dhaoine scothaosta a thaispeáint. Thacaigh Comhairle Aoisbhá Chontae Chorcaí le Tráth na gCeist Idirghlúine, agus é mar aidhm an ghlúin óg agus daoine scothaosta a thabhairt le chéile. Tá beirt dalta Idirbhliana agus beirt scothaosta ón bpobal ar gach foireann.

*Is áit iontach é Baile Mhistéala le bheith i do chónaí ann ó rinneadh baile Aoisbháúil de.*

*Nuair a bhaineann tú aois áirithe amach ceapann daoine nach bhfuil tú in ann a bheith freagrach as aon rud.*



Cruinniú Cinn Bliana 2023, An Chomhairle Daoine Scothaosta, ceardlann comhairliúcháin.



## Téama 7: Meas agus Ionchuimsiú Sóisialta - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                             | Príomhghníomhaireacht      | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta                                                            |
|-------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------|
| 7.1               | Oibreoidh balleagraíochtaí agus gníomhaireachtaí an Chomhaontais Aoisbhá chun prionsabail na físe, cuspóirí agus luachanna Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí a chur i bhfeidhm go daingean ina gcuid straitéisí, pleananna agus soláthar seirbhíse féin. | Comhaontas Aoisbhá         |                                                                                              |
| 7.2               | Bunóidh Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí Clár Gnó Aoisbhá don chontae agus cuirfidh sé chun cinn é chun níos mó airde a tharraingt ar chustaiméirí scothaosta.                                                                                         | Comhaontas Aoisbhá         | Cumann Tráchtála Chorcaí                                                                     |
| 7.3               | Spreagfaidh Comhaontas Chontae Chorcaí a mbaill chun oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann gníomhaireachtaí poiblí agus d'fhoireann na n-údarás áitiúil maidir le prionsabail aoisbháúla agus seirbhís do chustaiméirí.                                    | Comhaontas Aoisbhá         |                                                                                              |
| 7.4               | Cuirfidh Ranna Chomhairle Contae Chorcaí chun cinn úsáid na seirbhísí agus áiseanna atá ansin cheana féin, ar nós leabharlainne, ionaid phobail, ionaid lae etc chun imeachtaí ó ghlúin go glúin, a reáchtáil.                                           | Comhaontas Aoisbhá         | Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona, Roinn Oidhreachta, & Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| 7.5               | Cuirfidh Comhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí an deis ar fáil d'idirphlé agus d'idirghníomhaíocht a éascóidh comhthuiscint níos fearr idir na glúnta.                                                                                                      | Comhaontas Chontae Chorcaí |                                                                                              |
| 7.6               | Molfaidh Cumann Tráchtála Chorcaí dá bhall suíocháin aoisbháúla a sholáthar in ollmhargaí agus in ionaid siopadóireachta.                                                                                                                                | Cumann Tráchtála Chorcaí   | Comhaontas Chontae Chorcaí                                                                   |
| 7.7               | Leagfaidh Cumann Tráchtála Chorcaí béim lena bhaill ar na buntáistí a ghabhann le tuairimí a fháil ó chustaiméirí scothaosta.                                                                                                                            | Cumann Tráchtála Chorcaí   | Comhaontas Chontae Chorcaí                                                                   |
| 7.8               | Beidh Comhaontas Chontae Chorcaí ag plé leis An Post lena chinntiú nach gá dá chustaiméirí a bheith i scuaine lasmuigh d'fhoirgnimh áitiúla Oifig an Phoist, agus lena chinntiú go gcuirtear suíocháin ar fáil.                                          | Comhaontas Chontae Chorcaí | An Post                                                                                      |
| 7.9               | Cuirfidh Comhaontas Chontae Chorcaí an téarmaíocht cheart chun cinn maidir le húsáid agus tagairt a dhéanamh do dhaoine scothaosta agus cuirfidh siad in éadan úsáid an téarma 'seandaoine'.                                                             | Comhaontas Chontae Chorcaí |                                                                                              |
| 7.10              | Déanfaidh Comhaontas Chontae Chorcaí cinnte de go ndéantar ionadaíocht ar dhaoine fásta scothaosta ó chúlraí éagsúla agus go mbíonn siad páirteach go gníomhach i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an straitéis aoisbhá.                       | Comhaontas Chontae Chorcaí | Gach ball den chomhaontas.                                                                   |

## Tithíocht.

Sprioc Straitéiseach: Cur ar chumas daoine scothaosta cónaí ina dtithe agus ina bpobail féin trí na tacaíochtaí agus na seirbhísí riachtanacha a sholáthar chomh maith le tithíocht oiriúnach sna háiteanna cearta.

---

**Pacáiste Cúraim Baile.** Leagann daoine scothaosta béim ar roinnt riachtanas tithíochta ó bhogadh go teach níos lú/ar an méid cheart go cothabháil tí agus cosaint don todhchaí, agus chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, leibhéal comhoibrithe níos fearr idir soláthraithe seirbhíse stáit agus soláthraithe deonacha. Ar fud na gcomhairliúcháin rinneadh cáineadh leanúnach mar gheall ar easnamh acmhainní do thacaíochtaí Cúraim Baile FSS a bheith teoranta agus gan bheith sásúil. Laghdaigh ciorruithe an méid ama is féidir le hOibrí Cúraim Baile a thabhairt do dhuine aonair agus tá srian freisin ar nádúr an méid a cheadaítear dóibh a dhéanamh, i.e. cúram pearsanta amháin, gan aon rud eile. Deir freagróirí sna comhairliúcháin nach raibh seo ag teacht le beartas an Stáit maidir le tacú le daoine fanacht ina dtithe chomh fada agus is féidir.

**Clár na mBailte Aoisbháúla Folláine.** Bhí Contae Chorcaí ar cheann de na contaetha a thosaigh an clár Bailte Aoisbháúla Folláine ar bhonn pólótach in 2021. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár, measadh go raibh sé rathúil, agus in 2023 cuireadh i bhfeidhm é go náisiúnta le gach contae clúdaithe. Is éard atá i gceist le Céim 1 ná tacú le daoine maireachtáil ina dteach féin le dínit agus neamhspleáchas, chomh fada agus is féidir, agus ar an gcaoi sin an t-aistriú roimh am go cúram cónaitheach fadtéarmach a sheachaint. Is beag duine scothaosta a chuaigh muid i gcomhairle leis maidir le Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí 2024 – 2028 a ullmhú a bhí ar an eolas faoin gclár mar gheall ar cé chomh úr is atá sé. Thar thréimhse na straitéise, beidh gá le comhoibriú le heagraíochtaí do dhaoine scothaosta agus le heagraíochtaí tacaíochta chun feachtas agus tuiscint níos fearr ar an gclár a scaipeadh.

*Go dtí le déanaí bhí mé in ann go leor a dhéanamh mé féin, ach tá roinnt rudaí nach féidir liom a dhéanamh níos mó.*

*Tá fáilte mhór roimh Chlár na mBailte Aoisbháúla Folláine.*

*Ba mhaith liom teach níos lú. Ach níl aon tithe ar an margadh le ceannach.*

*...níos mó uaireanta cúnaimh baile dóibh siúd atá in ann agus toilteanach fanacht sa bhaile.*

*Tá sé an-strusmhar teach a bheith agat ar cíós mar dhuine scothaosta.*

*... tá sé an-chasta rochtain a fháil ar dheontais,*

*Is é an crá croí is mó ná ceardaithe iontaofa a aimsiú chun cothabháil tí a dhéanamh.*

## Téama 8: Tithíocht – Gníomhaíochtaí

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                           | Príomhghníomhaireacht                | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta |
|-------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|-----------------------------------|
| 8.1               | Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil do dhaoine scothaosta le heolas atá éasca le húsáid maidir le roghanna téimh sa bhaile agus coigilt fuinnimh.                           | Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide | Bailte Aoibhúla Folláine          |
| 8.2               | Tacóidh Comhaontas Aoibhú Chontae Chorcaí le leibhéal na seirbhísí cúraim baile a mhéadú chun tacú le beartas an Rialtais maidir le cónaí sa bhaile.                                                                   | Comhaontas Aoibhú                    |                                   |
| 8.3               | Beidh Clár na mBailte Aoibhúla Folláine, Contae Chorcaí á leathadh amach ar fud na tíre agus é mar aidhm tacaíochtaí duine le duine a chur ar fáil chun cur ar a gcumas do dhaoine scothaosta fanacht ina dteach féin. | Bailte Aoibhúla Folláine             |                                   |
| 8.4               | Tacóidh Clár na mBailte Aoibhúla Folláine, Contae Chorcaí leo siúd ar mhaith leo bogadh go lóistín níos lú.                                                                                                            | Bailte Aoibhúla Folláine             | An Roinn Tithíochta               |



‘Vótáil’ ar dhréachtghníomhartha ag an gComhairle do Dhaoine Scothaosta, CCB 2023.

## Na hOileáin

Sprioc Straitéiseach: cur ar chumas daoine scothaosta leanúint orthu saol d'ardchaighdeán a chaitheamh i bpobail na n-oileán.

---

**Fadhbanna Timthriallacha.** Agus na comhairliúcháin á ndéanamh le pobail na n-oileán, ba léir go raibh na saincheisteanna a d'ardaigh oileánaigh in 2023 an-chosúil leo siúd a aithníodh sa Straitéis Aoisbhá roimhe seo in 2016. Na príomhghníomhartha a aithníodh sa phlean roimhe seo ná:

- Bonneagar níos fearr: rochtain shábháilte ar chuanta, cothabháil bóithre agus bonneagar áineasa,
- Seirbhísí Sláinte,
- Méadú ar thithíocht phríobháideach agus phoiblí chun an daonra a chothú.

**Fadhbanna Breise.** Sainaitnítear na saincheisteanna céanna sna freagairtí ar an gcomhairliúchán in 2023 chomh maith leis na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí sláinte chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta,
- Ionaid phobail a sholáthar le nascacht leordhóthanach TF,
- Comhoibriú níos fearr idir Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán agus Comhairle Contae Chorcaí.

**Plean Forbartha Leathan na nOileán.** Mar is léir, ní bhaineann an chuid is mó de na saincheisteanna a aithníodh go sonrach le daoine scothaosta, baineann siad le gach cónaitheoir ar na hoileáin araon. Cé nach plean forbartha do na hoileáin í an Straitéis Aoisbhá seo, tá an chuma ar an scéal go bhfuil gá le plean forbartha leathan do na hoileáin a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta.

*Pleanáil inbhuanaithe fhadtéarmach de dhíth.*

*Bealaí níos fearr agus níos sábháilte le dul chuig na hoileáin agus imeacht uathu.*

*Ba chóir go mbeadh ionad pobail ann chun ligean do gach cónaitheoir teacht le chéile. Dhéanfaid sé seo difríocht mhór do dhaoine scothaosta sa gheimhreadh. D'fhéadfaí é a úsáid le haghaidh scannán, biongó, cúrsaí, etc. D'fhéadfaí é a úsáid freisin mar ionad ilfhreastail do sheirbhísí sláinte, le cuairt a thabhairt ar liachleactóirí ginearálta, etc.*

*Ní mór aird a thabhairt ar éascaíocht rochtana chun dul ar an mbád farantóireachta agus ón mbád farantóireachta. Dá mbeadh pontún ann, thiocfadh céimeanna a sheachaint agus bheadh taisteal i bhfad níos éasca dá bharr.*

*Ní fheicim aon todhchaí anseo domsa mar dhuine scothaosta, gan acmhainní, gan tacaíocht, gan aon ghníomhaíochtaí.*

## Téama 9: Na hOileáin - Gníomhartha

| Gníomhaíocht Uimh | Gníomhaíocht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   | Príomhghníomhaireacht                                                              | Gníomhaireachtaí Comhpháirtíochta     |
|-------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------|
| 9.1               | Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí, in éineacht le Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán bearta i bhfeidhm chun rochtain shábháilte ar na fánáin, ar na pontúin agus ar na báid farantóireachta a chinntiú ar aon dul leis an dearadh agus an cleachtas aoisbháúil is fearr.                                                                    | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               | Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán |
| 9.2               | Glacfaidh Aoisbhá Chorcaí páirt i dtionscnamh 'Laethanta Aoisbháula do Dhaoine Scothaosta' ar na trí oileán is mó i gContae Chorcaí, tá sé seo mar chuid de thionscnamh níos leithne de chuid Aoisbhá Éireann.                                                                                                                                 | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               |                                       |
| 9.3               | Beidh Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do bhonneagar ceart a chur i bhfeidhm ar nós bóithre agus áiteanna áineasa.                                                                                                                                                                                                                            | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               | Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán |
| 9.4               | Déanfaidh Comhairle Contae Chorcaí agus soláthraithe seirbhíse áitiúla, trí Fhóram Sláinte Oileáin Iarthar Chorcaí, comhordú agus déanfaidh siad cinnte go bhfuil seirbhísí clinicí rialta i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta agus a gcúramóirí ar na hoileáin.                                                         | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               | Fóram Sláinte Oileáin Iarthar Chorcaí |
| 9.5               | Aontóidh Comhairle Contae Chorcaí ar spriocanna, leagfaidh siad síos iad agus déanfaidh siad athbhreithniú ar bheartais ar aon dul leis an mbeartas Ár nOileáin Bheo chun soláthar méadaithe de chóiríocht tithíochta príobháidí agus poiblí a éascú le haghaidh cónaí buan ar feadh na bliana ar na hoileáin i gcomhar le pobail na n-oileán. | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               | Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán |
| 9.6               | Tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí tús áite do sholáthar ionad pobail ar na hoileáin (mar spásanna cruinnithe, clinicí sláinte, moil TF, etc.) le tacaíochtaí d'áiseanna cianoibre agus forbairt plean áitiúil comhtháite do na hoileáin.                                                                                                    | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe                               | Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán |
| 9.7               | Tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán le cur chuige iomlánaíoch, áitbhunaithe a spreagann agus a thacaíonn le daoine scothaosta a bpleananna féin a fhorbairt chun freastal ar a riachtanais fhadtéarmacha agus chun cabhrú leo a bhfís dá gceantar féin a bhaint amach.                                   | Oibríochtaí na gCeantar Bardasach & Forbairt Tuaithe, agus Leabharlanna & Ealaíona | Grúpa Idirghníomhaireachta na nOileán |

## Téamaí Leathana

Is féidir a fheiceáil go bhfuil riachtanais agus dúshláin iomadúla sna naoi dTéama Aoisbhá sa straitéis. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige foriomlán i leith na straitéise a chinntíonn rannpháirtíocht ó raon leathan de pháirtithe leasmhara, idir reachtúil agus phobail. Áiríonn saincheisteanna leathana na nithe seo a leanas, mar shampla;

- soghluaiseacht laistigh de bhailte agus de shráidbhailte,
- oideachas,
- iompar,
- rochtain ar sheirbhísí sláinte,
- tionchar phaindéim COVID 19
- teorainneacha Pacáistí Cúraim Baile,
- an Bhearna Dhigiteach.

Léiríonn na freagraí ar an gcomhairliúchán nach féidir aghaidh a thabhairt ar aon téama amháin ann féin toisc go bhfuil na téamaí go léir idirnasctha go mór. Teastaíonn comhoibriú agus cumarsáid atá níos láidre agus marthanach sa dóigh is go mbeidh baint ag gach páirtí leasmhar leis an straitéis.

D'éascaigh na comhairleoirí tionscadail comhchruinniú den Chomhairle do Dhaoine Scothaosta agus den Chomhaontas Aoisbhá i mí na Samhna 2023 chun na gníomhartha a thabhairt chun críche. Le linn na ceardlainne seo tugadh cuireadh dóibh siúd a bhí i láthair prionsabail a shainiú maidir le comhoibriú maith chun an straitéis a chur i bhfeidhm, ar a n-áirítear:

- An duine ceart a fháil don phost ceart.
- Níos mó comhoibrithe agus comhoibriú níos fearr idir na glúnta go léir.
- Soiléireacht maidir le hionadaíocht ar shaincheisteanna.
- Níl éinne ró-shean riamh chun tosú ar an bhfoghlaím - is ann d'eiseamláirí iontacha.
- Teastaíonn fuinneamh agus tiomantas chun comhaontais mhaithe a thógáil.
- Tá éagsúlacht ag teastáil agus tá gach dearcadh tábhachtach.

## Cur i bhFeidhm & Monatóireacht a dhéanamh ar an Straitéis

Is é príomhchuspóir straitéise Aoisbhá ná comhoibriú a éascú idir na gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus ionadaithe éagsúla do dhaoine scothaosta. Tá baill Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí, in éineacht leis an gComhairle Daoine Scothaosta tiomanta don straitéis seo a chur i bhfeidhm sna 5 bliana amach romhainn go dtí 2028.

Le linn comhairliúcháin le grúpaí fócais bhí iarratais ar chumarsáid mhaith chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise, léirítear é seo i nGníomhaíocht 3.7. Beidh sé seo á stiúradh ag Comhaontas Aoisbhá Chorcaí a thabharfaidh faoi athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an straitéis.

Chun bheith aoisbháúil, teastaíonn leibhéal níos airde feasachta agus athrú ar mheonta i leith dul in aois laistigh d'eagraíochtaí, ar bhonn an duine aonair agus na heagraíochta ar fad araon. Beidh ar an Stát, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar na hearnálacha Gnó prionsabail Aoisbháúla a leabú ina bpleananna straitéiseacha féin.

## Monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí

Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas monatóireachta ar an straitéis seo ná:

- Cruinnithe míosúla ag an gComhairle Daoine Scothaosta,
- Cruinnithe ráithiúla ag an gComhaontas Aoisbhá,
- Cruinnithe démhíosúla ag Foireann Idir-Rannach Aoisbhá de chuid Chomhairle Contae Chorcaí,
- Athbhreithniú bliantúil ar a bhfuil bainte amach go dtí sin agus gealltanais do ghníomhartha tosaíochta le cur faoi bhráid an Chomhaontais Aoisbhá agus na Comhairle Daoine Scothaosta,
- Athbhreithniú críochnúil cuimsitheach ar an straitéis sa bhliain dheireanach den straitéis chun eolas a chur ar an gcéad chéim eile de Chlár Aoisbhá Chorcaí.
- Tabharfar cuireadh freisin do ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine scothaosta, nach baill den Chomhaontas iad, cur i láthair a dhéanamh don Chomhaontas ó am go chéile.



Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí ag seachadadh boscaí leabhar chuig daoine scothaosta le linn na paindéime in 2020.



## 9.0 Aguisíní

### Aguisín 1. Baill na Comhairle Daoine Scothaosta, Corcaigh

#### Ainm

Liz Downes (cathaoirleach)

Eleanor Coughlan

(leaschathaoirleach)

Christy Roche (OCP)

Máire Corr

Billy Flynn

James Murphy

Mary B. O'Shea

Emily Murphy

Charlie Mc Allister

Jim Harrison

Catherine Dineen

John Fitzgerald

Martin Forrest

Gavin Falk

#### Ionadaithe

Baile Mhistéala

Cloich na Coillte

Mainistir Fhear Maí

An Pasáiste

Áth Fhada Íochtarach

An Pasáiste

Mala

An Cóbh

Mainistir na Corann

Cill la

Áth an Chóiste

Cloich na Coillte

Mainistir na Corann

Inis Eonáin



Cruinniú comhpháirteach na Comhairle Daoine Scothaosta & an Chomhaontais Aoisbhá chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtghníomhartha, Foirgnimh an Chontae, mí na Samhna 2023



## **Aguisín 2.**

## **Baill Chomhaontais Aoisbhá Chontae Chorcaí**

### **Ainm**

Patricia Liddy  
Aisling O'Sullivan  
Catherine Keating  
Emer O'Brien  
Rory Bunce  
An Comhairleoir Kay Dawson  
An Comhairleoir Ian Doyle  
An Comhairleoir Marcia Dalton  
Winnie O'Sullivan  
Ger Reaney  
David O'Brien  
Tara O'Donoghue  
Marie O'Sullivan  
Jane O' Flynn  
Cigire Triona O'Mahony (Iarthar)  
Mary O'Brien  
Nora Hickey  
Eleanor Moore  
Patricia O'Brien  
Tim Burke  
Sinead Maloney  
Fiona O'Donovan  
Folamh

### **Eagraíocht**

Cathaoirleach Chomhaontais Aoisbhá Chomhairle  
Contae Chorcaí  
Aoisbhá Chontae Chorcaí  
Bus Éireann  
Leabharlanna Chontae Chorcaí  
Leabharlanna Chontae Chorcaí  
Coiste Aoisbhá Bhaile an Mhistéalaigh  
Coiste Aoisbhá na Rátha  
Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin  
Coiste Aoisbhá Bheanntraí  
Coiste Aoisbhá Bheanntraí  
Nasc Áitiúil Iompar Tuaithe  
Compánaigh Chultúrtha Chorcaí  
Coiste Aoisbhá Shráid an Mhuilinn  
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan  
Cigire Ceannfóirt do Cheantar Bheanntraí  
Coiste Aoisbhá Dhroichead na Bandan  
Coiste Aoisbhá Chionn tSáile  
FSS  
ALONE  
Comhpháirtíocht Spóirt  
Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí  
Cumann Tráchtála Chorcaí  
COC

### **Aguisín 3.**

### **Na Gníomhaireachtaí a cuireadh faoi agallamh le linn an Phróisis Chomhairliúcháin**

Oifig Oidhreachta Chontae Chorcaí

Muintir na Tíre, Compánaigh Chultúrtha

Éire Shláintiúil Chontae Chorcaí

Avondhu Blackwater Partnership Ltd

Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí

Ballyhoura Development Ltd

Nasc Áitiúil Chorcaí

COC (an Scoil Altranais & Cnáimhseachais agus an tIonad do Gheirinteolaíocht agus Athshlánúchán)

An Garda Síochána

Seirbhís Leabharlainne & Ealaíona Chontae Chorcaí

Oifig Aoisbhá Chontae Chorcaí

Tithíocht & Pleanáil, Comhairle Contae Chorcaí

Bailte Aoisbháúla Folláine Chontae Chorcaí

Bus Éireann

Roinn Pleanála Chomhairle Contae Chorcaí

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan

ALONE

Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

FSS

Forbairt Cheantar Oirdheisceart Chorcaí

Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí

Cumann Tráchtála Chorcaí

## Aguisín 4. Tagairtí & Acmhainní

Is é seo réimse d'ábhar tagartha agus d'acmhainní a bhaineann le hAoisbhá, ar tagraíodh do chuid acu agus an straitéis seo á hullmhú againn, d'fhéadfadh go mbeadh cuid acu ina ábhar spéise le haghaidh tuilleadh léitheoireachta.

### Comhthéacs Domhanda

- ✚ Straitéis agus Plean Gníomhaithe Domhanda um Aosú agus Sláinte, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Eanáir 2017.
- ✚ Treoracha agus Téamaí maidir le Pobail Aoisbháúla a Chruthú, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, <https://extranet.who.int/agefriendlyworld/age-friendly-cities-framework/>
- ✚ Straitéis agus Plean Gníomhaithe Domhanda um Aosú agus Sláinte (achoimre 10 leathanach), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2017

### Comhthéacs na hÉireann

- ✚ An Creat Náisiúnta Pleanála/ Tionscadal Éireann 2040, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, Meán Fómhair 2017.
- ✚ Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann: Beartas um Fhorbairt Tuaithe 2021-2025, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Márta 2021.
- ✚ An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta (2021 - 2025), an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Nollaig 2020.
- ✚ Seirbhísí Poiblí Níos Fearr - Straitéis Claochlaithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2030, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú PFN, Bealtaine 2023.
- ✚ Daonáireamh 2022, an Phríomh-Oifig Staidrimh.

### Aoisbhá Éireann

- ✚ Féach Aoisbhá Éireann le haghaidh réimse leathan d'acmhainní úsáideacha.

### Comhthéacs Chorcaí

- ✚ Príomhchaipéis beartais Phlean Forbartha Chontae Chorcaí.
- ✚ Seirbhís Leabharlainne, Tuarascáil Aoisbhá um Leabharlanna, Meitheamh 2023.
- ✚ Plean Forbartha Seirbhísí Leabharlainne [2020 – 2025](#).
- ✚ Foireann Idir-Rannach Aoisbhá Chontae Chorcaí, Treoirlínte | Téarmaí Tagartha.
- ✚ Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2023-2029.

### Acmhainní Téamacha:

#### Iompar

- ✚ An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Aibreán 2022,
- ✚ Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nasc 2022 - 2025
- ✚ Aighneacht Bhus Éireann chuig Straitéis Aoisbhá Chorcaí 2023-2028.

Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí 2024-2028

## Spásanna Lasmuigh & Foirgnimh

- ✚ Lámhleabhar maidir le Dearadh Uirbeach; Treoir Dea-Chleachtals. An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2009.
- ✚ Universal Design, Tuarascáil Iniúchóireachta ar Insiúltacht, Cill Rois, Contae an Chláir, 2020.
- ✚ Universal Design, Uirlis Iniúchóireachta le haghaidh Bóithre agus Sráideanna, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

## Eolas & Cumarsáid

- ✚ Ionchuimsiú Digiteach in Éirinn: Nascacht, Gléasanna & Scileanna, NESC, Meitheamh 2021
- ✚ Digiteach ar son na Maitheasa: Treochlár Ionchuimsitheachta Digití na hÉireann, Rialtas na hÉireann, Iúil 2023.
- ✚ Eisiamh Digiteach agus Ríomhsheirbhísí Rialtais in Éirinn. An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2021.
- ✚ An Bhearna a Chúngú - an Scoilt Dhigiteach in Éirinn. Accenture. Iúil 2020.
- ✚ Ionchuimsiú Digiteach in Éirinn, Ceartas Sóisialta Éireann, 2021.
- ✚ An Plean Leathanbhanda Náisiúnta, Rialtas na hÉireann, Meitheamh 2020.
- ✚ Straitéis na hÉireann um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Digiteach. [www.solas.ie](http://www.solas.ie)
- ✚ Litearthacht don Saol do Dhaoine Fásta: <https://www.adultliteracyforlife.ie/>

## Tacaíocht Phobail & Seirbhísí Sláinte

- ✚ Plean Gníomhaithe Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025, Rialtas na hÉireann, Bealtaine 2021
- ✚ Plean Feidhmithe Éire Shláintiúil na Seirbhísí Sláinte 2023-2027.
- ✚ An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach, Aibreán 2013
- ✚ Plean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide, Rialtas na hÉireann, Nollaig 2022

## Rannpháirtíocht Chathartha & Fostaíocht

- ✚ Tuarascáil an Choimisiúin um Pinsin, Deireadh Fómhair 2021.
- ✚ Tionscnamh um Aosú Dearfach agus Folláine, An Roinn Sláinte, 2015
- ✚ Daoine os cionn 50 agus Éire atá i mbun Athraithe, 2014
- ✚ Rannpháirtíocht Shóisialta i measc Daoine Scothaosta. Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú, Coláiste na Tríonóide, 2011

## Na hOileáin

- ✚ Ár nOileáin Bheo, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Meitheamh 2023

## Tithíocht

- ✚ Tithíocht do Chách - Plean Úr Tithíochta d'Éirinn, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Meán Fómhair 2021
- ✚ Treoracha Universal Design maidir le Bailte in Éirinn, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an tIonad Barr Feabhais i nDearadh Uilíocht, 2020.
- ✚ Bailte Aoisbháúla Folláine, Tuarascáil Eatramhach, Sláintecare / an Roinn Sláinte agus Rialtais Áitiúil, Meitheamh 2022.
- ✚ Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe: Ráiteas Beartais, an Roinn Sláinte, Márta 2020.
- ✚ Gníomhú agus Aosú in Áit i gCeantair Thuaithe in Éirinn, COC, 2021.

Straitéis Aoisbhá Chontae Chorcaí 2024-2028

## Buíochas

Is mian leis na sainchomhairleoirí aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ó na páirtithe leasmhara a liostaítear thíos agus as a rannchuidiú. Gan a n-ionchur ní bheadh an tionscadal seo indéanta. Roinn daoine aonair agus eagraíochtaí a dtaithí luachmhar, a léargais agus a mianta trína rannpháirtíocht i gcruinnithe i bpearsa, cruinnithe ar líne, agallaimh, ceistneoirí agus aiseolas ar an dréachtcháipéis.

- Aisling O'Sullivan, Comhordaitheoir Aoibh, Comhairle Contae Chorcaí
- Baill na Comhairle Daoine Scothaosta
- Eagraíochtaí agus seirbhísí na ndaoine scothaosta
- Baill Chomhaontas Aoibh Chontae Chorcaí
- Coistí na mBailte Aoibhúla
- Na heagraíochtaí reachtúla, neamhrialtasacha, deonacha agus pobail go léir
- Foireann Idir-Rannach Aoibh Chomhairle Contae Chorcaí

---

Paul O'Raw  
O'Raw Consultancy



Mary Kiernan  
Comhairleoir Comhlach



Nollaig 2023